



An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2022/0155(COD)

29.6.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuid an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac

(COM(2022)0209 – C9-0174/2022 – 2022/0155(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Helène Fritzon

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

An 11 Bealtaine 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a thogra reachtach le haghaidh Rialachán maidir le rialacha a leagan síos chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac. Is é is aidhm don togra seo rialacha a leagan síos chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus a thuairisciú, mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus íospartaigh a shábháil agus tacaíocht a thabhairt dóibh, a measadh in 2021 gur cailíní iad 96 % díobh sin de réir líonra INHOPE. Cuid lárnach den togra is ea aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise le haghaidh ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne agus grúmaeireachta, agus baineann an dá cheann acu sin go príomha le cailíní agus le mná óga agus is fir iad déantóirí na coire den chuid is mó.

Ba mhaith leis an Rapóirtéir béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé a aithint gur léiriú ar fhoréigean inscnebhunaithe é mí-úsáid ghnéasach leanaí den chuid is mó. Dá bhrí sin, ní mór cineálacha cur chuige a bhaineann go sonrath le hinscne a chur san áireamh agus gnéithe ar líne na coireachta sin á gcomhrac.

Molann an Rapóirtéir sraith leasuithe chun bearta coisctheacha a threisiú trí, i measc nithe eile, feachtais ardaithe feasachta arna gcur in oiriúint go sonrath de réir aoise agus inscne. Leagann sí béim freisin ar an ngá atá le freagairt agus tacaíocht speisialaithe a chur ar fáil d'íospartaigh agus do mharthanóirí a bhfuil gné chomhtháite inscne ag baint leo. I ndáil leis an méid sin, tacaíonn an Rapóirtéir le Lárionad an Aontais a chruthú agus molann sí Bord Comhairleach a bhunú a dhéanfaidh ionadaíocht ar mharthanóirí agus ar shaineolaithe ar chearta leanaí. Chuirfeadh an Bord Comhairleach comhairle struchtúrtha ar fáil do struchtúir rialachais Lárionad an Aontais maidir le hábhair a bhaineann le cearta leanaí, bearta coisctheacha agus tacaíocht d'íospartaigh agus do mharthanóirí.

Ina theannta sin, ba mhaith leis an Rapóirtéir an bailiú foriomlán sonraí atá imdhealaithe de réir aoise agus inscne a neartú, agus maidir le taighde agus staidreamh, molann sí dlúthchomhar idir Lárionad an Aontais agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne.

Ar deireadh, creideann an Rapóirtéir go bhféadfadh an Rialachán seo difear suntasach a dhéanamh maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac do gach leanbh agus rannchuidiú le heispéireas níos sábháilte ar líne.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1

(1) Tá seirbhísí na sochaí faisnéise tar éis éirí an-tábhachtach chun cumarsáid, nochtadh tuairimí, bailiú faisnéise agus go leor gnéithe eile den saol sa lá atá inniu ann a dhéanamh, lena n-áirítear do leanaí ach do dhéantóirí cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí chomh maith. Is cionta coiriúla thar a bheith tromchúiseacha iad cionta den sórt sin, atá faoi réir íosrialacha a leagtar síos ar leibhéal an Aontais, agus ní mór iad a chosc agus a chomhrac go héifeachtach chun cearta agus folláine leanaí a chosaint, mar a éilítear faoin gChart um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('Chart') **agus chun an tsochaí i gcoitinne a chosaint.** Ba cheart go mbeadh úsáideoirí seirbhísí den sórt sin a chuirtear ar fáil san Aontas a bheith in ann muinín a bheith acu go bhféadtar na seirbhísí i gceist a úsáid go sábháilte, go háirithe ag leanaí.

(1) Tá seirbhísí na sochaí faisnéise tar éis éirí an-tábhachtach chun cumarsáid, nochtadh tuairimí, bailiú faisnéise agus go leor gnéithe eile den saol sa lá atá inniu ann a dhéanamh, lena n-áirítear do leanaí ach do dhéantóirí cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí chomh maith. Is cionta coiriúla thar a bheith tromchúiseacha iad cionta den sórt sin, atá faoi réir íosrialacha a leagtar síos ar leibhéal an Aontais, agus ní mór iad a chosc agus a chomhrac go héifeachtach chun cearta agus folláine leanaí a chosaint, mar a cheanglaítear faoi Chart um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chart'), i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC), atá daingnithe ag na Ballstáit uile, **agus i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC), atá daingnithe ag gach na Ballstát.** Ba cheart go mbeadh úsáideoirí seirbhísí den sórt sin a chuirtear ar fáil san Aontas a bheith in ann muinín a bheith acu go bhféadtar na seirbhísí i gceist a úsáid go sábháilte, go háirithe ag leanaí.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1 a (nua)

(1a) Le 20 bliain anuas, tá méadú suntasach tagtha ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí (CSAM) tar éis forbairt teicneolaíochta agus nascacht atá ag dul i méid. Tháinig ardú 35% ar thuairisciú mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne amhrasta in 2021, i gcomparáid leis na cásanna in 2020. Breathnaítear ar mhéadú den sórt sin ar ghrúmaeireacht leanaí freisin, nuair a théann lucht déantóirí coire, mar shampla, i dteagmháil le leanaí ar líne chun a chur ina luí orthu ábhar gnéasach

díobh féin a tháirgeadh agus a roinnt. Tá coireacht CSAM ag éirí níos déine freisin, de réir mar a bhíonn mí-úsáid á baint as leanaí níos óige ná riamh^{1a}. Le blianta beaga anuas, tá an meán-aois ag a nochtar leanaí den chéad uair d'ábhar gnéasach follasach agus do dhíobháil gnéis ar líne ag titim ar bhonn domhanda. Bíonn tionchar díréireach ag mí-úsáid ghnéasach leanaí ar chailíní ós rud é go bhfuil cailíní á léiriú i bhformhór mór an ábhair a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí. Déantar rónadaíocht ar chailíní i gcásanna sirtheoireacht leanaí, agus déantar rónadaíocht ar fhir mar dhéantóirí. De réir tuairiscí in 2021, meastar go raibh tionchar ag 96 % d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí in 2021 ar chailíní ^{1c}. Léirítear mí-úsáid cailíní i 91% de na tuairiscí in 2022 agus léirítear buachaillí i 7% acu, ag cur san áireamh go ndéantar gannmheastachán go minic ar na staitisticí maidir le mí-úsáid buachaillí agus nach dtuairiscítear cásanna den sórt sin chomh minic.

^{1a} Mionteagasc EPRS, Nollaig 2022, 'Ag comhrac in aghaidh na mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne'.

^{1b} *We protect global alliance organisation-global survey 2023*
<https://www.weprotect.org/economist-impact-global-survey>

^{1c} *INHOPE network of hotlines for reporting child sexual abuse material, Annual Report 2021.*
<https://inhope.org/media/pages/articles/annual-reports/8fd77f3014-1652348841/inhope-annual-report-2021.pdf>

(1b) Cuireann cibearfhoréigean inscnebhunaithe isteach go díréireach ar mhná agus ar chailíní agus is riosca tromchúiseach é ar líne. Tá foréigean gnéasach ar líne ag an leibhéal is airde riamh, le gnéaschiapadh, mí-úsáid ghnéasach agus mealltóireacht ag cur isteach go mór ar chailíní agus ar mhná óga. Ar an iomlán, tá cibearfhoréigean inscnebhunaithe de chineál éigin fulaingthe ag bean amháin as gach deichniúr ó bhí siad 15 bliana d’aois. D’fhulaing 58% de chailíní ciapadh ar líne^{1a}. Léiriú ar fhoréigean in aghaidh cailíní agus mná óga den chuid is mó is ea mí-úsáid ghnéasach leanaí, dá bhri sin tá sé ríthábhachtach gné na hinscne a chomhtháthú i ngach beart a dhéantar chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac agus chun sirtheoireacht leanaí ar líne a idircheapadh agus aghaidh a thabhairt, ag an am céanna, ar bhunchúiseanna an fhoréigin inscnebhunaithe. D’fhéadfadh iarmhairtí díobhálacha a bheith ag éagothroime inscne, foréigean struchtúrach agus idirdhealú i gcoinne ban sa tsochaí ar shaol leanaí, mar a nochtar i staitisticí a bhaineann le CSAM, agus is dóichí go ndéanfar an díobháil do chailíní. Bíonn tionchar tromchúiseach ag gné dhigiteach an fhoréigin inscne ar shaol na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear a sábháilteacht, a sláinte fhisiceach agus shíceolaíoch, a slite beatha, naisc teaghlaigh, a ndínit agus a gcáil.

^{1a} An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE). *Combating Cyber Violence against Women and Girls [An Cibearfhoréigean i gcoinne na mBan agus na gCailíní a Chomhrac]*, tuarascáil 2022. <https://eige.europa.eu/publications/comba>

Leasú 4

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1c) In 2022, fuair IWF 127,732 tuairisc dhomhanda le híomhánna ‘féinghinte’, a d’fhéadfadh a bheith ina n-íomhánna dlútha a roinntear ar dtús i dtoiliú nó ina n-íomhánna ina ndearnadh grúmaeireacht, mealladh nó sracadh ar leanaí chun íomhá gnéasach nó físeán gnéasach díobh féin a tháirgeadh agus a roinnt. Léirigh 50% de na tuairiscí gníomhaithe go léir agus 64% de na tuairiscí ‘féinghinte’ mí-úsáide ghnéasaí leanaí cailíní 11-13 bliana d’aois. Áiríodh cailíní 7-10 mbliana d’aois i 24% de na tuairiscí gníomhaíochta go léir agus i 31% de na tuairiscí ‘féinghinte’ ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí. ^{1a} Leagann sonraí den sórt sin béim ar ghné inscne na coireachta CSAM agus ar an ngá atá le réitigh inscne-oiriúnaithe a sholáthar.

^{1a}Tuarascáil bhliantúil IWF 2022
<https://annualreport2022.iwf.org.uk/>

Leasú 5

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2) I bhfianaise a thábhachtaí atá seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise, ní féidir na haidhmeanna sin a bhaint amach ach trína áirithiú, maidir le soláthraithe a chuireann seirbhísí den sórt sin ar fáil san

(2) I bhfianaise a thábhachtaí atá seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise, ní féidir na haidhmeanna sin a bhaint amach ach trína áirithiú, maidir le soláthraithe a chuireann na seirbhísí sin ar fáil san

Aontas, go ngníomhaíonn siad go freagrach agus go ndéanann siad bearta réasúnacha chun an riosca go mbainfí mí-úsáid as a gcuid seirbhísí chun críche mí-úsáide gnéasaí leanaí a laghdú, óir is minic gurb iad na soláthraithe sin **na haon daoine** atá in ann mí-úsáid den sórt sin a chosc agus a chomhrac. Ba cheart na bearta a dhéantar a bheith saindirithe, cothromaithe go cúramach agus comhréireach, chun aon iarmhairt dhiúltach mhíchúí do na daoine a úsáideann na seirbhísí chun críoch dlíthiúil a sheachaint, go háirithe chun a gcearta bunúsacha atá cosanta faoi dhlí an Aontais a fheidhmiú, is é sin, na cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt agus a aithnítear mar phrionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais, agus chun aon ualach iomarcach ar sholáthraithe na seirbhísí a sheachaint.

Aontas, go ngníomhaíonn siad go freagrach agus go ndéanann siad bearta réasúnacha chun an riosca go mbainfí mí-úsáid as a gcuid seirbhísí chun críche mí-úsáide gnéasaí leanaí a laghdú, óir is minic gurb iad na soláthraithe sin atá in ann mí-úsáid den sórt sin a chosc agus a chomhrac. Ba cheart na bearta a dhéantar a bheith saindirithe, cothromaithe go cúramach, **éifeachtach, fianaise-bhunaithe, comhréireach, agus faoi réir athbhreithnithe leanúnaigh**, chun aon iarmhairt dhiúltach mhíchúí a sheachaint, **chun an choireacht ar líne a chomhrac, lena n-áirítear coireacht thromchúiseach CSAM agus** do na daoine a úsáideann na seirbhísí chun críoch dlíthiúil go háirithe chun a gcearta bunúsacha atá cosanta faoi dhlí an Aontais a fheidhmiú, is é sin, na cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt agus a aithnítear mar phrionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais, agus chun aon ualach iomarcach ar sholáthraithe na seirbhísí a sheachaint **go díreach nó go hindíreach**.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) Tá na Ballstáit ag tabhairt níos mó dlíthe náisiúnta isteach, nó ag smaoineamh ar dhlíthe náisiúnta a thabhairt isteach chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac, go háirithe trí bhíthin ceanglais a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise. I bhfianaise chineál trasteorann intreach an idirlín agus an tsoláthair seirbhísí lena mbaineann, tá éifeacht dhiúltach dhíreach ag na dlíthe náisiúnta sin, atá éagsúil óna chéile, ar an margadh inmheánach. Chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, chun deireadh a chur leis na constaicí roimh sholáthar na seirbhísí a eascraíonn as na

Leasú

(3) Tá na Ballstáit ag tabhairt níos mó dlíthe náisiúnta isteach, nó ag smaoineamh ar dhlíthe náisiúnta a thabhairt isteach chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac, go háirithe trí bhíthin ceanglais a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise. I bhfianaise chineál trasteorann intreach an idirlín agus an tsoláthair seirbhísí lena mbaineann, **féadfaidh** éifeacht dhiúltach dhíreach ag na dlíthe náisiúnta sin, atá éagsúil óna chéile, ar an margadh inmheánach. Chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, chun deireadh a chur leis na constaicí roimh sholáthar na seirbhísí a

dlíthe sin agus chun cothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach a áirithiú, ba cheart na riachtanais chomhchuibhithe a bhfuil gá leo a leagan síos ar leibhéal an Aontais.

Leasú 7

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

eascraíonn as na dlíthe sin agus chun cothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach a áirithiú, ba cheart na riachtanais chomhchuibhithe a bhfuil gá leo a leagan síos ar leibhéal an Aontais.

Leasú

(3a) Chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc go héifeachtach ar líne agus as líne araon, ba cheart do na Ballstáit bearta idirghabhála éifeachtacha a bhunú agus a chur chun feidhme, ar bearta iad atá dírithe ar mhí-úsáid ghnéasach i gcoinne leanaí a chosc; ní mór oideachas a thabhairt do leanaí ar bhealach nach gcuireann as don leanbh agus a fhreastalaíonn ar riachtanais an linbh, maidir leis na rioscaí féideartha a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach chun a dtuiscint a fhorbairt ar cad is caidreamh sláintiúil ann ag aois an-óg, trí oideachas gnéasachta agus caidrimh chuimsitheach atá oiriúnach d'aois, ag múineadh leanaí faoi thoiliú ón aois is luaithe agus is féidir agus a chinntiú go bhfuil cumas leanaí a gcuid taithí a chur i bhfocail tar éis dóibh drochíde a bheith acu. Trí na bearta oideachais seo a ráthú i ngach scoil cabhraítear le leanaí, lena dteaghlaigh, le múinteoirí, agus leis na seirbhísí sóisialta, mí-úsáid a aithint agus a thuairisciú.

Leasú 8

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3b) Mar a cuireadh in iúl i Straitéis an

Choimisiún^{1a}, ní mór go mbeadh an t-eolas agus na huirlisí ag leanaí a d'fhéadfadh cabhrú leo fanacht sábháilte ar líne agus ní mór iad a chur ar an eolas faoi iompraíochtaí do-ghlactha a d'fhéadfadh teacht orthu. Nuair a tharlaíonn mí-úsáid, ní mór do pháistí a bheith sábháilte agus an chumhacht a bheith acu labhairt suas, freagairt agus tuairisc a thabhairt, fiú nuair a thagann an mhí-úsáid laistigh dá gciorcal muiníne, mar a tharlaíonn go minic. Tá sé fíor-riachtanach i ndáil leis sin cláir ar líne um scileanna digiteacha, litearthachta agus sábháilteachta a thabhairt isteach atá dírithe ar leanaí agus ar shealbhóirí na freagrachta tuismitheora araon, chun na huirlisí a thabhairt dóibh d'fhonn tacú le leanaí ar líne agus comharthaí mí-úsáide gnéasaí leanaí a aithint; Mar a dúradh sa Mholadh ó Choiste na NA um Chearta an Linbh^{1b}, ba cheart do Stáit a chinntiú go múintear litearthacht dhigiteach i scoileanna, mar chuid de churaclaim bhunúsacha oideachais, ó leibhéal na réamhscoile agus ar feadh na mblianta scoile ar fad, agus go ndéantar measúnú ar oideolaíochtaí den sórt sin ar bhonn a gcuid torthaí. Ba cheart go gcuimseodh curaclaim an t-eolas agus na scileanna chun raon leathan uirlisí agus acmhainní digiteacha a láimhseáil go sábháilte, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hábhar, cruthú, comhoibriú, rannpháirtíocht, sóisialú agus rannpháirtíocht shibhialta, straitéis an Aontais maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí ar líne agus as líne.

^{1a} COM(2020) 607 final, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis de chuid an Aontais maidir le comhrac níos éifeachtaí i gcoinne

mí-úsáid ghnéasach leanaí.

^{1b} CRC/C/GC/25, General comment No. 25 (2021) on children's rights in relation to the digital environment from UN Committee on the Rights of the Child [Barúil ghinearálta Uimh. 25 (2021) ar chearta leanaí i ndáil leis an timpeallacht dhigiteach ó Choiste na NA um Chearta an Linbh].

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3c) Ba cheart do na Ballstáit cláir feasachta poiblí a fhorbairt trí na meáin chumarsáide, ar choiriúlacht mhí-úsáid ghnéasach leanaí, ar bhealach atá inscne-íogair agus atá oiriúnach do leanaí; ardaíonn an líonra d'Ionaid d'Idirlín Níos Sábháilte, arna mhaoiniú ag an gCoimisiún, feasacht ar shábháilteacht ar líne agus cuireann sé faisnéis, acmhainní agus cúnamh ar fáil trí línte cabhrach agus beolínite ar raon leathan ábhar um shábháilteacht dhigiteach lena n-áirítear grúmaeireacht agus gnéastéacsáil. Is samplaí breise iad an feachtas Duine as Cúigear de chuid Chomhairle na hEorpa agus tionscnamh “#SayNo” de chuid Europol ar conas is féidir é seo a dhéanamh.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3d) Is féidir le comhar spriocdhírthe le hardáin ar líne le haghaidh múscailte feasachta atá inscne-íogair agus aois-

oiriúnach na bearta oideachais atá dírithe ar leanaí agus ar thuismitheoirí araon a chomhlánú. Agus líon méadaitheach déagóirí ag roinnt íomhánna pearsanta mar chuid d'idirghníomhaíocht ghnéasach agus iompar gnéasach, is féidir go mbeadh ról tábhachtach ag ardáin trí leanaí a chur ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann le híomhánna a roinnt, agus treoir a thabhairt dóibh ar na rioscaí agus na héifeachtaí a bhaineann le hiompar dá leithéid.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Rialachán seo ina rannchuidiú le **feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaí trí bhíthin** rialacha soiléire, aonfhoirmeacha agus cothromaithe a **leagan amach** chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac ar bhealach atá éifeachtach agus a urramaíonn cearta bunúsacha gach duine lena mbaineann. Ó tharla go mbíonn na seirbhísí lena mbaineann ag athrú go tapa, chomh maith leis na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun iad a sholáthar, ba cheart na rialacha sin a leagan síos ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus seasmhach ó thaobh na todhchaí de, ionas nach gcuirfear isteach ar an nuálaíocht.

Leasú

(4) Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Rialachán seo ina rannchuidiú **díreach** le rialacha soiléire, aonfhoirmeacha agus cothromaithe a **bhunú** chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac ar bhealach atá éifeachtach **go follasach agus go fadtéarmach** agus a urramaíonn cearta bunúsacha gach duine lena mbaineann. Ó tharla go mbíonn na seirbhísí lena mbaineann ag athrú go tapa, chomh maith leis na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun iad a sholáthar, ba cheart na rialacha sin a leagan síos ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus seasmhach ó thaobh na todhchaí de, ionas nach gcuirfear isteach ar an nuálaíocht **sa chomhrac in aghaidh na coireachta, lena n-áirítear CSAM. Ba cheart go rannchuideodh sé freisin le feasacht a mhúscailt ar raon feidhme leathan fheiniméan na mí-úsáide gnéasaí leanaí, nach ndéanann difear do leanaí d'aoiseanna agus d'inscní éagsúla agus de chúlraí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha éagsúla amháin, agus an tionchar ar leith ar dhlúthbhaill an teaghlaigh agus ar an gclann shínte.**

Leasú 12

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear beartais chun cinn chun mí-úsáid ghnéasach a chosc agus a chomhrac, go háirithe sna ceithre réimse seo a leanas: ceartas chun sábháilteacht na n-íospartach agus cuntasacht na ndéantóirí a áirithiú, oideachas ionas go bhfoghlaimíonn na glúnta nua conas dul i mbun caidrimh shláintiúla chomh maith le conas mí-úsáid agus foréigean a aithint, sláinte chun tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt shláintiúil fhisiciúil agus shíceolaíoch leanaí, agus gníomhaíocht shóisialta lena chinntiú go mbíonn na deiseanna agus an tacaíocht chéanna ag gach íospartach chun an mhí-úsáid a thuairisciú, chun aon tráma a shárú le cúnamh gairmiúil, agus chun cabhair a lorg lasmuigh dá aonad teaghlaigh más gá agus a chinntiú go mbeidh fáil iomlán ar shainseirbhísí tacaíochta atá saincheaptha de réir inscne agus aoise d'íospartaigh leanaí na mí-úsáide gnéasaí leochaileacha.

Leasú 13

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4b) Ba cheart do na Ballstáit ráthaíocht a thabhairt go soláthrófar acmhainní riachtanacha chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an córas ceartais ar luas leordhóthanach. Ba cheart go n-áireofaí leis sin acmhainní chun

measúnuithe tacaíochta síceolaíochta a dhéanamh agus sásraí tosaíochta a áirithiú maidir le tacaíocht leanúnach, uilíoch agus theiripeach d'íospartaigh agus dá dteaghlaigh, ar féidir leo leas a bhaint aisti ar feadh a saoil, agus chun acmhainn a sholáthar do chórais sláinte poiblí.

Leasú 14

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4c) Is mór iad na rioscaí a bhaineann le leanaí a bheith thíos le mí-úsáid ghnéasach leanaí, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do ghlóiriú agus cur chun cinn féindochair, féinmharú, foréigean, fuathchaint ar líne agus as líne, tógáil drugaí, neamhoird itheacháin agus cleachtais chontúirteacha aiste bia. Bíonn tionchar díobhálach ag na rioscaí seo a eascraíonn as nochtadh leanaí do mhí-úsáid ghnéasach leanaí, ciapadh agus rochtain ar ábhar díobhálach ar chearta leanaí agus ar a bhfolláine fhisiceach agus shíceolaíoch. I measc iarmhairtí eile, féadann sé rannpháirtíocht leanaí, go háirithe cailíní, i ngníomhaíochtaí ar líne a dhíspreagadh. Chomh suntasach céanna is ea go léiríonn taighde go bhfuil grúpaí áirithe leochaileach go háirithe do chineálacha éagsúla mí-úsáide agus dúshaothraithe leanaí agus mar sin ní mór díriú ar leith orthu. Áirítear leis seo iad siúd a ndéantar foirmeacha trasnacha idirdhealaithe orthu. Leanann go leor de na rioscaí ar líne a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí de bheith ina mbagairt do dhaoine fásta, agus tá go leor daoine fásta tar éis titim ina n-íospartaigh cheana féin, dá bhri sin ba cheart go ndíreodh an rialachán seo freisin ar rioscaí ar líne a chosc, ag sainordú

comhtháthú i bhfeidhmchláir de ghnéithe a chabhraíonn le leanaí foghlaim faoi rioscaí agus iad a shainaithint agus a sheachaint, agus úsáid á baint as cur chuige ‘foghlaim trí dhéanamh’.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4d) Is tosaíocht bhunúsach é na coireanna seo a chomhrac, ar líne agus san fhíorshaol. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach íospartaigh leanaí na mí-úsáide gnéasaí agus a gcearta bunúsacha a chosaint agus sonraí pearsanta, an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, saoirse cainte agus faisnéise a chosaint. Níor cheart go mbeadh aon íomhá linbh faoi réir táirgeadh ábhar mídhleathach agus níor cheart go ndéanfaí aon leanbh a íospairt arís trí ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a roinnt nó a scaipeadh arís agus arís eile a d’fhéadfadh leibhéil an-mhóra a bhaint amach i gcásanna ábhar ‘ardthrádála’ mar a thugtar air, i.e. a thrádáiltear agus a roinntear thar ardáin iolracha.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4e) Déanfar na bearta rialála chun aghaidh a thabhairt ar CSAM a scaipeadh ar líne a chomhlánú le feachtais ar fud an Aontais arna gcomhordú ag Lárionad an Aontais agus ag Údaráis Chomhordúcháin na mBallstát. Áireofar ar na feachtais sin

faisnéis agus feasacht phoiblí ar an bhfeiniméan a mhéadú, lena n-áirítear tuairisciú atá oiriúnach do leanaí agus a oireann dá n-aois, chomh maith le faisnéis a thabhairt faoi chearta íospartach.

Leasú 17

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 f (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4f) Ba cheart d'fhorbróirí díriú ar fhreagracht trí dhearadh, agus é mar sprioc acu mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc ar líne, gnéithe maolaithe riosca agus sábháilteachta a fhorbairt le haghaidh feidhmchlár. Chun é seo a bhaint amach, tá sé tábhachtach go dtuigeann forbróirí conas a úsáideann leanaí a gcuid seirbhísí, agus na bagairtí atá rompu. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh leanaí, go háirithe cailíní, páirteach sa phróiseas forbartha ar mhaolú riosca agus ar ghnéithe sábháilteachta a fhorbraítear dóibh.

Leasú 18

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(14) D'fhonn íoslaghdú a chur ar an riosca go mbainfí mí-úsáid as a seirbhísí chun ábhar aitheanta nó nua mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh nó le haghaidh sirtheoireacht leanaí, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí measúnú a dhéanamh ar riosca den sórt sin maidir le gach ceann de na seirbhísí a chuireann siad

(14) D'fhonn íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca go mbainfí mí-úsáid as a seirbhísí chun ábhar aitheanta nó nua mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh nó le haghaidh sirtheoireacht leanaí, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí measúnú a dhéanamh ar riosca den sórt sin, **lena n-áirítear bunaithe ar inscne agus aois**

ar fáil san Aontas. Mar threoir dá measúnú riosca, ba cheart liosta de na nithe atá le cur san áireamh a sholáthar. Le go mbeifí in ann breithniú iomlán a dhéanamh ar shaintréithe sonracha na seirbhísí a chuireann siad ar fáil, ba cheart cead a thabhairt do sholáthraithe nithe breise a chur san áireamh i gcás inarb ábhartha. Ó tharla go dtagann éabhlóid ar rioscaí le himeacht ama, mar thoradh ar fhorbairtí amhail na forbairtí a bhaineann leis an teicneolaíocht agus na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí i gceist, is iomchuí a áirithiú go dtugtar an measúnú riosca cothrom le dáta go rialta agus nuair is gá ar chúiseanna áirithe.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(16) Chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac go héifeachtach, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála agus do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, bearta réasúnacha a dhéanamh chun an riosca go mbainfí úsáid as a seirbhísí chun na críche sin a mhaolú, mar a shaináithnítear leis an measúnú riosca. Soláthraithe atá faoi réir oibleagáide chun bearta maolaithe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) .../... [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE], féadfaidh siad machnamh a dhéanamh ar an méid a fhéadfaidh bearta maolaithe a ghlactar chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear bearta saindírithe chun cearta an linbh a chosaint, **amhail fíorúchán aoise agus uirlisí rialaithe tuismitheora**, feidhmiú freisin le

úsáideoirí leanaí, maidir le gach ceann de na seirbhísí a chuireann siad ar fáil san Aontas. Mar threoir dá measúnú riosca, ba cheart liosta de na nithe atá le cur san áireamh a sholáthar. Le go mbeifí in ann breithniú iomlán a dhéanamh ar shaintréithe sonracha na seirbhísí a chuireann siad ar fáil, ba cheart cead a thabhairt do sholáthraithe nithe breise a chur san áireamh i gcás inarb ábhartha. Ó tharla go dtagann éabhlóid ar rioscaí le himeacht ama, mar thoradh ar fhorbairtí amhail na forbairtí a bhaineann leis an teicneolaíocht agus na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí i gceist, is iomchuí a áirithiú go dtugtar an measúnú riosca cothrom le dáta go rialta agus nuair is gá ar chúiseanna áirithe.

Leasú

(16) Chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac go héifeachtach, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála agus do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, bearta réasúnacha a dhéanamh chun an riosca go mbainfí úsáid as a seirbhísí chun na críche sin a mhaolú, mar a shaináithnítear leis an measúnú riosca. Soláthraithe atá faoi réir oibleagáide chun bearta maolaithe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) .../... [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE], féadfaidh siad machnamh a dhéanamh ar an méid a fhéadfaidh bearta maolaithe a ghlactar chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear bearta saindírithe chun cearta an linbh a chosaint, feidhmiú freisin le haghaidh a thabhairt ar an riosca a shaináithnítear sa measúnú

haghaidh a thabhairt ar an riosca a shainaitheann sa measúnú riosca sonracha de bhun an Rialacháin seo, agus féadfaidh siad machnamh a dhéanamh ar an méid a bheadh beart maolaithe saindirithe breise de dhíth chun an Rialachán seo a chomhlíonadh.

riosca sonracha de bhun an Rialacháin seo, agus féadfaidh siad machnamh a dhéanamh ar an méid a bheadh beart maolaithe saindirithe breise de dhíth chun an Rialachán seo a chomhlíonadh. ***Ba cheart do sholáthraithe measúnú a dhéanamh freisin ar aon tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag bearta maolaithe molta, agus má théann siad i bhfeidhm go díreireach ar dhaoine a fhulaingíonn idirdhealú trasnach ar bhonn gnéis, cine, datha, tionscnaimh eitnigh nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiúin nó creidimh, tuairime polaitiúla nó aon tuairime eile, ballraíochta de mhionlach náisiúnta, maoinne, breithe, míchumais, aoise, inscne nó claonta ghnéasaigh; Ba cheart cúram ar leith a ghlacadh chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar chailíní, atá i mbaol níos mó a bheith faoi réir mí-úsáide ghnéasaí leanaí agus foréigein inscnebhunaithe.***

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(16a) Go háirithe, is féidir le rialuithe tuismitheoirí a ligeann do thuismitheoirí rochtain a fháil ar chomhfhreagrachas príobháideach leanaí gan a dtuairim a bheith ina mbaol suntasach do phríobháideacht agus do shábháilteacht leanaí, go háirithe i gcás leanaí a bhfuil mí-úsáid á baint astu ag a dteaghlach, agus leanaí LGBTIQ+ i dteaghlach naimhdeach.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 17

(17) Chun go mbeidh nuálaíocht ann agus chun comhréireacht agus neodracht theicneolaíoch a áirithiú, níor cheart aon liosta cuimsitheach de na bearta maolaithe éigeantacha a bhunú. Ina áit sin, ba cheart méid áirithe solúbthachta a thabhairt do sholáthraithe chun bearta a dhearadh agus a chur chun feidhme, bearta a bheadh saincheaptha don riosca a shainaithnítear agus do shaintréithe na seirbhísí a sholáthraíonn siad agus do na bealaí a úsáidtear na seirbhísí sin. Go háirithe, tá saoirse ag soláthraithe bearta a dhearadh agus a chur chun feidhme, i gcomhréir le dlí an Aontais, bunaithe ar a gcleachtais reatha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath ina seirbhísí agus chun a thabhairt le tuiscint mar chuid den tuairisciú riosca a dtoilteanas agus a n-ullmhacht maidir le hordú braite a bheith eisithe orthu ar deireadh thiar faoin Rialachán seo, i gcás ina measann an t-údarás inniúil náisiúnta gur gá sin.

(17) Chun go mbeidh nuálaíocht ann agus chun comhréireacht agus neodracht theicneolaíoch a áirithiú, níor cheart aon liosta cuimsitheach de na bearta maolaithe éigeantacha a bhunú. Ina áit sin, ba cheart méid áirithe solúbthachta a thabhairt do sholáthraithe chun bearta a dhearadh agus a chur chun feidhme, bearta a bheadh saincheaptha don riosca a shainaithnítear agus do shaintréithe na seirbhísí a sholáthraíonn siad agus do na bealaí a úsáidtear na seirbhísí sin. Go háirithe, tá saoirse ag soláthraithe bearta a dhearadh agus a chur chun feidhme, i gcomhréir le dlí an Aontais, bunaithe ar a gcleachtais reatha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath **agus a chosc** ina seirbhísí agus chun a thabhairt le tuiscint mar chuid den tuairisciú riosca a dtoilteanas agus a n-ullmhacht maidir le hordú braite a bheith eisithe orthu ar deireadh thiar faoin Rialachán seo, i gcás ina measann an t-údarás inniúil náisiúnta gur gá sin.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 19

(19) I bhfianaise a róil mar idirghabhálaithe a éascaíonn rochtain ar fheidhmchláir bhogearraí a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu le haghaidh mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne, ba cheart soláthraithe stórais feidhmchlár bogearraí a chur faoi réir oibleagáidí chun bearta réasúnacha áirithe a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar an riosca sin agus chun é a mhaolú. Ba cheart do na soláthraithe an measúnú sin a dhéanamh ar bhealach dícheallach, agus ba cheart dóibh iarrachtaí a dhéanamh atá réasúnach sna himthosca ar leith, ag féachaint, inter alia,

(19) I bhfianaise a róil mar idirghabhálaithe a éascaíonn rochtain ar fheidhmchláir bhogearraí a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu le haghaidh mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne, ba cheart soláthraithe stórais feidhmchlár bogearraí a chur faoi réir oibleagáidí chun bearta réasúnacha áirithe a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar an riosca sin agus chun é a mhaolú. Ba cheart do na soláthraithe an measúnú sin a dhéanamh ar bhealach dícheallach, agus ba cheart dóibh iarrachtaí a dhéanamh atá réasúnach sna himthosca ar leith, ag féachaint, inter alia,

do chineál agus do mhéid an riosca sin, chomh maith lena gcumais airgeadais agus theicneolaíocha, agus ba cheart dóibh dul i gcomhar le soláthraithe na seirbhísí arna gcur ar fáil trí bhíthin an fheidhmchláir bhogearraí i gcás inar féidir.

do chineál agus do mhéid an riosca sin, chomh maith lena gcumais airgeadais agus theicneolaíocha, agus ba cheart dóibh dul i gcomhar le soláthraithe na seirbhísí arna gcur ar fáil trí bhíthin an fheidhmchláir bhogearraí i gcás inar féidir. ***Ba cheart dóibh faisnéis a sholáthar do shealbhóirí na freagrachta tuismitheora ar ghnéithe feidhmchlár a bhaineann riosca leo do leanaí, chomh maith le treoir atá íogair ó thaobh aoise agus inscne de maidir le conas na rioscaí sin a phlé le leanaí.***

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(22) Mar sin féin, teacht ar riosca suntasach den sórt sin, ba cheart nár leor sin chun údar a thabhairt le hordú braite a eisiúint, ó tharla go bhféadfadh sé tarlú, i gcás den sórt sin, go mbeadh iarmhairtí diúltacha díreireacha ann do chearta agus leasanna dlisteanacha páirtithe eile a ndéanfadh an t-ordú difear dóibh, go háirithe maidir le feidhmiú ceart bunúsach úsáideoirí. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú nach féidir orduithe braite a eisiúint ach amháin i ndiaidh do na hÚdaráis Chomhordúcháin agus don údarás breithiúnach inniúil nó don údarás riaracháin neamhspleách measúnú oibiachtúil agus dícheallach, maille le sainaitheint agus ualú, a dhéanamh ar bhonn cás ar chás ní hamháin maidir le dóchúlacht agus tromchúis na n-iarmhairtí féideartha a leanfadh as mí-úsáid na seirbhíse don chineál mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne atá i gceist, ach chomh maith leis sin maidir le dóchúlacht agus tromchúis aon iarmhairtí diúltacha féideartha do pháirtithe eile a ndéanfadh orduithe braite difear dóibh. D'fhonn forchur ualaí iomarcacha a sheachaint, ba cheart don mheasúnú cumais airgeadais

Leasú

(22) Mar sin féin, teacht ar riosca suntasach den sórt sin, ba cheart nár leor sin chun údar a thabhairt le hordú braite a eisiúint, ó tharla go bhféadfadh sé tarlú, i gcás den sórt sin, go mbeadh iarmhairtí diúltacha díreireacha ann do chearta agus leasanna dlisteanacha páirtithe eile a ndéanfadh an t-ordú difear dóibh, go háirithe maidir le feidhmiú ceart bunúsach úsáideoirí. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú nach féidir orduithe braite a eisiúint ach amháin i ndiaidh do na hÚdaráis Chomhordúcháin agus don údarás breithiúnach inniúil nó don údarás riaracháin neamhspleách measúnú oibiachtúil agus dícheallach, maille le sainaitheint agus ualú, a dhéanamh ar bhonn cás ar chás ní hamháin maidir le dóchúlacht agus tromchúis na n-iarmhairtí féideartha a leanfadh as mí-úsáid na seirbhíse don chineál mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne atá i gceist, ach chomh maith leis sin maidir le dóchúlacht agus tromchúis aon iarmhairtí diúltacha féideartha do pháirtithe eile a ndéanfadh orduithe braite difear dóibh, ***go háirithe cailíní agus iad siúd a ndéantar idirdhealú trasnach orthu.*** D'fhonn

agus teicneolaíochta chomh maith le méid an tsoláthraí lena mbaineann a chur san áireamh.

forchur ualaí iomarcacha a sheachaint, ba cheart don mheasúnú cumais airgeadais agus teicneolaíochta chomh maith le méid an tsoláthraí lena mbaineann a chur san áireamh.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(27) Chun comhlíontacht na soláthraithe leis na hoibleagáidí braite a éascú, ba cheart do Lárionad an Aontais teicneolaíochtaí braite a chur ar fáil do sholáthraithe a fhéadfaidh siad a roghnú le húsáid ar bhonn saor in aisce, chun críche na horduithe braite a dhírítear orthu a fhorghníomhú agus chun na críche sin amháin. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí faoi na teicneolaíochtaí sin agus faoi na bealaí is fearr chun iad a úsáid chun comhlíontacht le rialacha is infheidhme dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta a áirithiú. Ba cheart go dtabharfadh Lárionad an Aontais comhairle ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí san áireamh le linn dó liostaí de na teicneolaíochtaí atá ar fáil a chur le chéile agus ba cheart go dtabharfadh an Coimisiún an chomhairle ón mBord san áireamh le linn dó treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí braite a ullmhú. Féadfaidh na soláthraithe na teicneolaíochtaí a chuireann Lárionad an Aontais nó daoine eile ar fáil a fheidhmiú, nó teicneolaíochtaí a d'fhorbair siad féin, fad agus a chomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin seo.

Leasú

(27) Chun comhlíontacht na soláthraithe leis na hoibleagáidí braite a éascú, ba cheart do Lárionad an Aontais teicneolaíochtaí braite a chur ar fáil do sholáthraithe a fhéadfaidh siad a roghnú le húsáid ar bhonn saor in aisce, chun críche na horduithe braite a dhírítear orthu a fhorghníomhú agus chun na críche sin amháin. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí faoi na teicneolaíochtaí sin agus faoi na bealaí is fearr chun iad a úsáid chun comhlíontacht le rialacha is infheidhme dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta a áirithiú, ***lena n-áirítear an Chairt um Chearta Bunúsacha***. Ba cheart go dtabharfadh Lárionad an Aontais comhairle ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí san áireamh le linn dó liostaí de na teicneolaíochtaí atá ar fáil a chur le chéile agus ba cheart go dtabharfadh an Coimisiún an chomhairle ón mBord san áireamh le linn dó treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí braite a ullmhú. Féadfaidh na soláthraithe na teicneolaíochtaí a chuireann Lárionad an Aontais nó daoine eile ar fáil a fheidhmiú, nó teicneolaíochtaí a d'fhorbair siad féin, fad agus a chomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin seo.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(35) Is cion coiriúil é ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh, cion a dhéanann difear do chearta na n-íospartach a thaispeántar. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an ceart ag íospartaigh faisnéis ábhartha a fháil ach í a iarraidh ar Lárionad an Aontais, trí na hÚdaráis Chomhordúcháin, i gcás go ndéanann soláthraithe seirbhísí óstála nó soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí tuairisc faoi ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina dtaispeántar na híospartaigh sin, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Leasú

(35) Is cion coiriúil é ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh, cion a dhéanann difear do chearta na n-íospartach a thaispeántar, ***ar cailíní iad a bhformhór mór***. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an ceart ag íospartaigh ***nó ag sealbhóirí na freagrachta tuismitheora nó a n-ionadaí dlíthiúil*** ceadaithe faisnéis ábhartha agus ***aois-oiriúnach*** a fháil ach í a iarraidh ar Lárionad an Aontais, trí na hÚdaráis Chomhordúcháin, i gcás go ndéanann soláthraithe seirbhísí óstála nó soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí tuairisc faoi ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina dtaispeántar na híospartaigh sin, ***nó má tá sé bainte amach acu***, i gcomhréir leis an Rialachán seo. ***Ba cheart go n-áireofaí leis sin an rogha maidir le hiarratas aonair ar fhaisnéis, agus an rogha an fhaisnéis sin a fháil ar bhonn leanúnach agus rialta. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí ar líne, lena n-áirítear ardáin líonra sóisialta, nósanna imeachta éigeantacha a ghlacadh chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a tharlaíonn ar a gcuid seirbhísí a chosc, a bhrath agus a thuairisciú go héifeachtach agus CSAM a bhaint anuas.***

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(36) I bhfianaise an tionchair ar chearta na n-íospartach a thaispeántar in ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí den sórt sin, agus i bhfianaise an cumas a bhíonn ag soláthraithe seirbhísí óstála de ghnáth chun teorainn a chur ar an tionchar sin trí chuidiú lena áirithiú nach bhfuil an t-ábhar

Leasú

(36) I bhfianaise an tionchair ar chearta na n-íospartach a thaispeántar in ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí den sórt sin, agus i bhfianaise an cumas a bhíonn ag soláthraithe seirbhísí óstála de ghnáth chun teorainn a chur ar an tionchar sin trí chuidiú lena áirithiú nach bhfuil an t-ábhar

ar fáil ar a seirbhísí a thuilleadh, ba cheart do na soláthraithe sin cúnamh a thabhairt d'íospartaigh a iarrann orthu an t-ábhar i gceist a bhaint anuas nó a dhíchumasú. Ba cheart go mbeadh an cúnamh sin teoranta don mhéid is féidir a iarraidh go réasúnach ón soláthraí lena mbaineann faoi na himthosca reatha, ag féachaint do chúinsí amhail ábhar agus raon feidhme na hiarrata, na céimeanna is gá chun na nithe d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann a aimsiú agus na modhanna atá ar fáil don soláthraí. D'fhéadfadh cuidiú leis na nithe a aimsiú, seiceálacha a dhéanamh nó na nithe a bhaint anuas nó rochtain orthu a dhíchumasú a bheith sa chúnamh sin, mar shampla. Ó tharla go bhféadfaidh sé a bheith pianmhar nó ina chúis tráma fiú, chomh maith le bheith casta, na gníomhaíochtaí riachtanacha a dhéanamh chun baint anuas nó dhíchumasú rochtana den sórt sin a chur i gcrích, ba cheart go mbeadh sé de cheart ag íospartaigh cúnamh a fháil ó Lárionad an Aontais i ndáil leis sin freisin, trí mheán na nÚdarás Comhordúcháin.

ar fáil ar a seirbhísí a thuilleadh, ba cheart do na soláthraithe sin cúnamh a thabhairt d'íospartaigh a iarrann orthu an t-ábhar i gceist a bhaint anuas nó a dhíchumasú. Ba cheart go mbeadh an cúnamh sin teoranta don mhéid is féidir a iarraidh go réasúnach ón soláthraí lena mbaineann faoi na himthosca reatha, ag féachaint do chúinsí amhail ábhar agus raon feidhme na hiarrata, na céimeanna is gá chun na nithe d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann a aimsiú agus na modhanna atá ar fáil don soláthraí. ***Ba cheart cúnamh den sórt sin a chur in oiriúint do leochaileachtaí sonracha na n-íospartach, amhail aois, nó míchumas, ar bhealach inscne-íogaire.*** D'fhéadfadh cuidiú leis na nithe a aimsiú, seiceálacha a dhéanamh nó na nithe a bhaint anuas nó rochtain orthu a dhíchumasú a bheith sa chúnamh sin, mar shampla. Ó tharla go bhféadfaidh sé a bheith pianmhar nó ina chúis tráma fiú, chomh maith le bheith casta, na gníomhaíochtaí riachtanacha a dhéanamh chun baint anuas nó dhíchumasú rochtana den sórt sin a chur i gcrích, ba cheart go mbeadh sé de cheart ag íospartaigh ***tacaíocht leordhóthanach shíceachshóisialta, aois-oiriúnach agus inscne-íogair*** a fháil agus cúnamh a fháil ó Lárionad an Aontais ***agus óna chomhpháirtithe ábhartha, amhail línte cabhrach do leanaí nó sásraí eile*** ***tacaíochta síceasóisialta*** ina leith sin, trí na hÚdaráis Chomhordúcháin ***agus leochaileachtaí an íospartaigh agus na héifeachtaí síceolaíocha díreireacha ar chailíní á gcur san áireamh.*** ***Ba cheart do na Ballstáit feidhmiú línte cabhrach agus beolinte do leanaí a bhunú agus a fheabhsú, lena n-áirítear trí mhaoiniú agus trí fhorbairt acmhainní, i gcomhréir le hAirteagal 96 de Threoir (AE) 2018/1972. Tá sainnithint íospartaigh rithábhachtach, ní hamháin chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a rianú ach freisin chun íospairt a chosc, agus chun stop a chur le scaipeadh breise ábhair dhíobhálaigh agus lena chinntiú***

gur féidir le híospartaigh leas a bhaint as an gcúnamh atá ar fáil. Teastaíonn leibhéal ard speisialtóireachta agus acmhainní dóthanacha chun íospartaigh a shainaithint. Ba cheart, dá bhrí sin, iarrachtaí Lárionad Cibearchoireachta na hEorpa maidir le híospartaigh a shainaithint a chomhlánú ar an leibhéal náisiúnta.

Leasú 27

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(36a) Chun cosc a chur ar leanaí a bheith ina n-íospartaigh mí-úsáide ar líne, ba cheart do sholáthraithe a bhfuil fianaise ann go n-úsáidtear a seirbhís go rialta nó go córasach chun críocha mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, cabhair réasúnta a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 3, trí shásraí foláirimh agus aláraim a chur i bhfeidhm ar bhealach feiceálach ar a n-ardáin. D'fhéadfadh gurb éard a bheadh sa mheicníocht foláirimh, mar shampla, íospartaigh ionchasacha a nascadh le seirbhísí áitiúla amhail línte cabhrach, eagraíochtaí chearta agus thacaíocht na n-íospartach nó beolínite. Ba cheart go n-áiritheodh siad go ndéanfaí obair leantach leordhóthanach, nuair a dhéantar tuairisc nó foláireamh, sa teanga a roghnaíonn an t-úsáideoir.

Leasú 28

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 37**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(37) Lena áirithiú go ndéanfar

(37) Lena áirithiú go ndéanfar

bainistíocht éifeachtach ar fheidhmeanna tacaíochta íospartach den sórt sin, ba cheart cead a thabhairt d'íospartaigh teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Comhordúcháin is inrochtana dóibh, agus brath air, agus ba cheart don Údarás Comhordúcháin sin gach teachtaireacht idir íospartaigh agus Lárionad an Aontais a sheoladh.

bainistíocht éifeachtach ar fheidhmeanna tacaíochta íospartach den sórt sin, ba cheart cead a thabhairt d'íospartaigh teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Comhordúcháin is inrochtana dóibh, agus brath air, agus ba cheart don Údarás Comhordúcháin sin gach teachtaireacht idir íospartaigh agus Lárionad an Aontais a sheoladh. ***Ba cheart d'údaráis chomhordúcháin tacaíocht atá íogair ó thaobh inscne agus aoise de a sholáthar d'íospartaigh, chomh maith le tacaíocht shíceolaíoch. Níor cheart i gcás ar bith an milleán a chur ar íospartaigh as an méid a tharla dóibh.***

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 37 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(37a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú agus a choimirciú go bhfuil sásraí éifeachtacha ann chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a thuairisciú agus go n-úsáidtear uirlisí imscrúdaithe den sórt sin go héifeachtach chun íospartaigh a shainaithint agus chun iad a tharrtháil a luaithe is féidir ó mhí-úsáid leanúnach.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 44

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(44) Chun soiléireacht a sholáthar agus chun comhordú agus comhar éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach a chumasú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, i gcás go n-ainmníonn Ballstát níos mó ná údarás inniúil amháin chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, ba cheart dó údarás

(44) Chun soiléireacht a sholáthar agus chun comhordú agus comhar éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach a chumasú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, i gcás go n-ainmníonn Ballstát níos mó ná údarás inniúil amháin chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, ba cheart dó údarás

inniúil amháin a ainmniú mar an tÚdarás Comhordúcháin, agus ba cheart an t-údarás ainmnithe a mheas go huathoibríoch mar an tÚdarás Comhordúcháin i gcás nach n-ainmníonn Ballstát ach aon údarás amháin. Ar na cúiseanna sin, ba cheart go bhfeidhmeodh an tÚdarás Comhordúcháin mar phointe teagmhála aonair maidir le gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, gan dochar do chumhachtaí forfheidhmithe údarás náisiúnta eile.

inniúil amháin a ainmniú mar an tÚdarás Comhordúcháin, agus ba cheart an t-údarás ainmnithe a mheas go huathoibríoch mar an tÚdarás Comhordúcháin i gcás nach n-ainmníonn Ballstát ach aon údarás amháin. Ar na cúiseanna sin, ba cheart go bhfeidhmeodh an tÚdarás Comhordúcháin mar phointe teagmhála aonair maidir le gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo **agus le gnóthú chuspóirí an Rialacháin seo**, gan dochar do chumhachtaí forfheidhmithe údarás náisiúnta eile. ***Is gá oiliúint oifigeach atá i ndlúth-thadhall le híospartaigh, lena n-áirítear oifigigh um fhorghníomhú an dlí, breithiúna, ionchúisitheoirí, dlíodóirí agus saineolaithe fóiréinseacha agus oibríthe sóisialta, chun an fhadhb a d'fhéadfadh a bheith os comhair íospartach a thuiscint, agus chun a áirithiú go gcuirtear cosc ar an gcás agus a mhaolú más gá. Ba cheart don Údarás Comhordaithe, dá bhrí sin, gníomhú mar phointe aonair teagmhála freisin maidir le hábhair a bhaineann le cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, lena n-áirítear cosc, maidir le múscailt feasachta agus oiliúint oifigeach.***

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 60

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(60) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus éifeachtacht, ba cheart cúraimí Lárionad an Aontais a liostú ar bhealach soiléir agus cuimsitheach. D'fhonn cur chun feidhme ceart an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart go mbainfeadh na cúraimí sin go háirithe le héascaíocht a dhéanamh ar na hoibleagáidí braite, tuairiscithe agus blocála a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhísí óstála, seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí agus soláthraithe

Leasú

(60) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus éifeachtacht, ba cheart cúraimí Lárionad an Aontais a liostú ar bhealach soiléir agus cuimsitheach. D'fhonn cur chun feidhme ceart an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart go mbainfeadh na cúraimí sin go háirithe le héascaíocht a dhéanamh ar na hoibleagáidí braite, tuairiscithe agus blocála a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhísí óstála, seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí agus soláthraithe

seirbhísí rochtana ar an idirlíon. Ar an gcúis chéanna sin, áfach, ba cheart cúraimí eile a chur ar Lárionad an Aontais, go háirithe na cúraimí sin a bhaineann le cur chun feidhme na n-oibleagáidí um measúnú riosca agus maolú atá ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise, ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhaint anuas nó rochtain air a dhíchumasú ag soláthraithe seirbhísí óstála, cúnamh a chur ar fáil d'Údaráis Chomhordúcháin, chomh maith le heolas agus saineolas a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a ghiniúint agus a chomhroinnt.

seirbhísí rochtana ar an idirlíon. Ar an gcúis chéanna sin, áfach, ba cheart cúraimí eile a chur ar Lárionad an Aontais, go háirithe na cúraimí sin a bhaineann le cur chun feidhme na n-oibleagáidí um measúnú riosca agus maolú atá ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise, ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhaint anuas nó rochtain air a dhíchumasú ag soláthraithe seirbhísí óstála, cúnamh a chur ar fáil d'Údaráis Chomhordúcháin, chomh maith le heolas agus saineolas a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a ghiniúint agus a chomhroinnt.

Feidhmeoidh Lárionad an Aontais Eorpaigh mar lárionad saineolais lena mbaileofar, lena n-éascófar malartú agus scaipeadh dea-chleachtas agus cur chuige maidir le cosc, forbairtí oideachais a bhaineann le litearthacht sna meáin agus scileanna digiteacha i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún Deich mBliana Digiteacha do leanaí agus don óige: an straitéis Eorpach nua maidir le hidirlíon níos fearr do leanaí (BIK+), agus ag an am céanna peirspictíocht chearta an linbh a chomhtháthú agus cur chuige inscne-íogair agus oiriúnach ó thaobh aoise de a áirithiú.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 66

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(66) D'fhonn rannchuidiú le cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo agus le cearta íospartach a chosaint, ba cheart go mbeadh Lárionad an Aontais in ann, i gcás ina n-iarrtar air, tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus cúnamh a thabhairt d'Údaráis Inniúla trí bhíthin cuardaigh a dhéanamh ar sheirbhísí óstála le haghaidh scaipeadh ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhfuil rochtain phoiblí air, trí bhíthin na táscairí

Leasú

(66) D'fhonn rannchuidiú le cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo agus le cearta íospartach a chosaint, ba cheart go mbeadh Lárionad an Aontais in ann, i gcás ina n-iarrtar air, tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus cúnamh a thabhairt d'Údaráis Inniúla trí bhíthin cuardaigh a dhéanamh ar sheirbhísí óstála le haghaidh scaipeadh ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhfuil rochtain phoiblí air, trí bhíthin na táscairí

comhfhreagracha a úsáid. I gcás ina sainaitníonn sé ábhar den sórt sin i ndiaidh cuardach den sórt sin a dhéanamh, ba cheart go mbeadh Lárionad an Aontais in ann iarraidh ar sholáthraí na seirbhíse óstála lena mbaineann an mhír nó na míreanna i gceist a bhaint anuas nó rochtain uirthi nó orthu a dhíchumasú, ó tharla go mb'fhéidir nárbh eol don soláthraí gurbh ann iad agus go mbeadh sé toilteanach amhlaidh a dhéanamh ar bhonn deonach.

comhfhreagracha a úsáid. I gcás ina sainaitníonn sé ábhar den sórt sin i ndiaidh cuardach den sórt sin a dhéanamh, ba cheart go mbeadh Lárionad an Aontais in ann iarraidh ar sholáthraí na seirbhíse óstála lena mbaineann an mhír nó na míreanna i gceist a bhaint anuas nó rochtain uirthi nó orthu a dhíchumasú, ó tharla go mb'fhéidir nárbh eol don soláthraí gurbh ann iad agus go mbeadh sé toilteanach amhlaidh a dhéanamh ar bhonn deonach. ***Ba cheart go mbeadh Lárionad an Aontais in ann oibriú i gcomhar le húdaráis inniúla ábhartha agus seirbhísí tacaíochta, agus íospartaigh ar leanaí iad a tharchur chuig na húdaráis inniúla ábhartha, amháil ionaid cosanta íospartach, ionaid dídine do mhná, seirbhísí um chearta leanaí nó seirbhísí speisialaithe do leanaí, seirbhísí sóisialta, agus gairmithe cúraim sláinte sna Ballstáit, agus cur chuige atá íogair ó thaobh inscne de agus gné chearta an linbh á áirithiú ag an am céanna. Ba cheart go dtacódh Lárionad an Aontais leis na Ballstáit agus iad i mbun staidéir, le samplaí ionadaíocha náisiúnta ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ina spásanna sóisialaithe, chun bearta freagartha coisctheacha agus ildisciplíneacha a struchtúró.***

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 67

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(67) I bhfianaise a shuímh lárnaigh mar thoradh ar fheidhmiú a phríomh-chúraimí faoin Rialachán seo agus i bhfianaise na faisnéise agus an tsaineolais a fhéadfaidh sé a bhailiú i gceangal leis sin, ba cheart do Lárionad an Aontais rannchuidiú le baint amach chuspóirí an Rialacháin seo freisin, trí bhíthin gníomhú mar mhol d'eolas, saineolas agus taighde ar ábhair a

Leasú

(67) I bhfianaise a shuímh lárnaigh mar thoradh ar fheidhmiú a phríomhchúraimí faoin Rialachán seo agus i bhfianaise na faisnéise agus an tsaineolais a fhéadfaidh sé a bhailiú i gceangal leis sin, ba cheart do Lárionad an Aontais rannchuidiú le baint amach chuspóirí an Rialacháin seo freisin, trí bhíthin gníomhú mar mhol d'eolas, ***bailiú dea-chleachtas***, saineolas agus

bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac. I ndáil leis sin, ba cheart do Lárionad an Aontais oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha ó laistigh den Aontas agus lasmuigh de, agus ba cheart dó deis a thabhairt do Bhallstáit tairbhiú den eolas agus den saineolas a bhailítear, lena n-áirítear dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh.

taighde ar ábhair a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, **lena n-áirítear oideachas agus múscailt feasachta, agus clár choiscthe atá ar fáil do chiontóirí agus do chiontóirí ionchasacha le linn imeachtaí coiriúla agus ina ndiaidh.** I ndáil leis sin, ba cheart do Lárionad an Aontais **cleachtóirí agus taighdeoirí a thabhairt le chéile. Ba cheart do Lárionad an Aontais freisin oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha ó laistigh den Aontas agus lasmuigh de, agus ba cheart dó deis a thabhairt do Bhallstáit tairbhiú den eolas agus den saineolas a bhailítear, lena n-áirítear dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh. Ba cheart go gceadódh Lárionad an Aontais do na Ballstáit leas a bhaint as eolas agus as saineolas ar chlár chumhachtaithe dhigitigh do leanaí atá aois-oiriúnach agus inscne-íogair. Déanfaidh Lárionad an Aontais eolas, saineolas agus dea-chleachtas a sholáthar freisin maidir le bearta coisctheacha.**

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 70

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(70) Leis an tacaíocht atá á tabhairt ag an Aontas le fada an lá do INHOPE agus dá bheolínite is comhaltaí, aithnítear go bhfuil beolínite sa líne thosaigh sa chomhrac in aghaidh mhí-úsáid ghnéasach leanaí. Ba cheart do Lárionad an Aontais leas a bhaint as an líonra beolínite agus a mholadh go n-oibreoidís le chéile go héifeachtach leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise agus le húdaráis um fhorfheidhmiú an dlí de chuid na mBallstát. Is ionann saineolas agus taithí na mbeolínite agus foinse thar a bheith luachmhar d'fhaisnéis faoi bhagairtí comhchoiteanna agus réitigh

Leasú

(70) Leis an tacaíocht atá á tabhairt ag an Aontas le fada an lá do INHOPE agus dá bheolínite is comhaltaí, aithnítear go bhfuil beolínite sa líne thosaigh sa chomhrac in aghaidh mhí-úsáid ghnéasach leanaí. Ba cheart do Lárionad an Aontais leas a bhaint as an líonra beolínite agus a mholadh go n-oibreoidís le chéile go héifeachtach leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise agus le húdaráis um fhorfheidhmiú an dlí de chuid na mBallstát. Is ionann saineolas agus taithí na mbeolínite agus foinse thar a bheith luachmhar d'fhaisnéis faoi bhagairtí comhchoiteanna agus réitigh

chomhchoiteanna a shainaitint go luath, chomh maith le faisnéis faoi dhifríoachtaí réigiúnacha agus náisiúnta ar fud an Aontais.

chomhchoiteanna a shainaitint go luath, chomh maith le faisnéis faoi dhifríoachtaí réigiúnacha agus náisiúnta ar fud an Aontais. *Tá línte cabhrach do leanaí i dtúslíne sa chomhrac in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne. Dá bhrí sin, ba cheart go n-aithneodh Lárionad an Aontais freisin obair na línte cabhrach do leanaí mar fhreagairt d'íospartaigh, agus na sásraí atreoraithe atá ann cheana idir línte cabhrach do leanaí agus beolinte.*

Leasú 35

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 74 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(74a) I bhfianaise chuspóir an Rialacháin seo, chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac agus a chosc, ba cheart go mbeadh Bord Comhairleach um Chearta Leanáí agus Marthanóirí ag Lárionad an Aontais comhdhéanta de shaineolaithe a mbeadh feidhmeanna chomhairleacha acu maidir le cearta na marthanóirí agus cearta na n-íospartach ar leanaí iad. Féadfaidh an Bord Comhairleach um Chearta Íospartach agus Marthanóirí, go háirithe, comhairle neamhspleách a sholáthar trí shaineolas, a thagann ó íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí agus tuairimí na leanaí a chur san áireamh chun tacú le hobair Lárionaid an Aontais, laistigh de raon feidhme a shainordaithe.

Leasú 36

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 74 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(74b) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a

bhaint amach, beidh an fhoireann go léir a bhaineann le Lárionad an Aontais agus leis na húdaráis chomhordúcháin, na Coistí Comhairleacha, chomh maith leis an gcomhdhéanamh ar fud na struchtúr riaracháin agus bainistíochta mar a bhunaítear in Airteagal 55, ilghnéitheach agus cothrom ó thaobh inscne de, agus prionsabal an phríomhshruthaithe inscne á chur san áireamh. Tá cur chuige atá íogair ó thaobh inscne de ríthábhachtach chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 75

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(75) Dé ghrá na trédhearcachta agus na cuntasachta, agus chun meastóireacht agus, i gcás inar gá, coigeartuithe a chumasú, ba cheart iallach a chur ar sholáthraithe na seirbhísí óstála, soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí agus soláthraithe seirbhísí rochtana, Údaráis Chomhordúcháin agus Lárionad an Aontais faisnéis a bhailiú, a thairfeadh agus a anailísiú, bunaithe ar bhailiú anaithnidithe na sonraí neamhphearsanta agus tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú maidir lena ngníomhaíochtaí faoin Rialachán seo. Ba cheart go gcomhoibredh na hÚdaráis Chomhordúcháin le Europol agus le húdaráis um fhorfheidhmiú an dlí agus le húdaráis náisiúnta ábhartha eile na mBallstát a d'ainmnigh an tÚdarás Comhordúcháin i gceist chun an fhaisnéis sin a bhailiú.

Leasú 38

Leasú

(75) Dé ghrá na trédhearcachta agus na cuntasachta, agus chun meastóireacht agus, i gcás inar gá, coigeartuithe a chumasú, ba cheart iallach a chur ar sholáthraithe na seirbhísí óstála, soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí agus soláthraithe seirbhísí rochtana, Údaráis Chomhordúcháin agus Lárionad an Aontais sonraí agus faisnéis **atá imdhealaithe ó thaobh inscne, gnéis agus aoise de** a bhailiú, a thairfeadh agus a anailísiú, bunaithe ar bhailiú anaithnidithe na sonraí neamhphearsanta agus tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú maidir lena ngníomhaíochtaí faoin Rialachán seo. Ba cheart go gcomhoibredh na hÚdaráis Chomhordúcháin le Europol agus le húdaráis um fhorfheidhmiú an dlí agus le húdaráis náisiúnta ábhartha eile na mBallstát a d'ainmnigh an tÚdarás Comhordúcháin i gceist chun an fhaisnéis sin a bhailiú.

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 77

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(77) Is ar chritéir na héifeachtúlachta, an riachtanais, na héifeachtachta, na comhréireachta, na hábharthachta, an chomhleanúnachais agus an bhreisluacha Aontais, ba cheart an mheastóireacht a bhunú. Ba cheart measúnú a dhéanamh léi ar fheidhmiú na mbeart éagsúil oibriúcháin agus teicniúil dá bhforáiltear sa Rialachán seo, lena n-áirítear éifeachtacht na mbeart chun feabhas a chur ar bhrath, tuairisciú agus baint mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, ar éifeachtacht na sásraí coimirce agus na tionchair ar chearta bunúsacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, ar an tsaoirse chun gnó a dhéanamh, ar an gceart ar shaol príobháideach agus um chosaint na sonraí pearsanta. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar an tionchar ar leasanna tríú páirtithe lena bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 –mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(77) Ba cheart an mheastóireacht a bheith bunaithe ar chritéir na héifeachtúlachta, an riachtanais, na héifeachtachta, na comhréireachta, na hábharthachta, an chomhleanúnachais, ***phrionsabal an phríomhshruthaithe inscne***, agus bhreisluach an Aontais. Ba cheart measúnú a dhéanamh léi ar fheidhmiú na mbeart éagsúil oibriúcháin agus teicniúil dá bhforáiltear sa Rialachán seo, lena n-áirítear éifeachtacht na mbeart chun feabhas a chur ar bhrath, tuairisciú agus baint mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, ar éifeachtacht na sásraí coimirce agus na tionchair ar chearta bunúsacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, ***ar chearta leanaí***, ar an tsaoirse chun gnó a dhéanamh, ar an gceart chun saoil phríobháidigh agus ar chosaint sonraí pearsanta. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar an tionchar ar leasanna tríú páirtithe lena bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh.

Leasú

(ba) ciallaíonn ‘cúntóir sábháilteachta’ uirlis atá comhtháite le seirbhísí cumarsáide idirphearsanta agus atá gníomhach le haghaidh úsáideoirí is leanaí na seirbhíse amháin, a chabhraíonn le leanaí foghlaim faoi na rioscaí ar líne, iad a aithint agus a sheachaint, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta d’ábhar mí-úsáide féinghinte agus sirtheoireacht;

Leasú 40

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe j**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(j) ciallaíonn ‘úsáideoir is leanbh’ aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach a úsáideann seirbhís ábhartha na sochaí faisnéise agus atá ina dhuine nádúrtha faoi bhun **17** mbliana d’aois;

Leasú

(j) ciallaíonn ‘úsáideoir is leanbh’ aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach a úsáideann seirbhís ábhartha na sochaí faisnéise agus atá ina dhuine nádúrtha faoi bhun **18** mbliana d’aois;

Leasú 41

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe q a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(qa) ciallaíonn ‘íospartach’ an leanbh nó an duine a d’fhulaing díobháil tar éis dó a bheith faoi réir ‘ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí’ nó ‘sirtheoireacht leanaí’ nó ‘mí-úsáid ghnéasach ar líne’ nó ‘cionta um mhí-úsáid ghnéasach leanaí’;

Leasú 42

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe a a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(aa) aon impleachtaí maidir le feidhmiú na gceart bunúsach nó sárú féideartha ar dhlí an Aontais.

Leasú 43

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – fleasc 4**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

— feidhmiúlachtaí lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí an mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a mharcáil don soláthraí trí uirlisí atá sorochtana agus aoisoiriúnach;

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – fleasc 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(ii) i gcás ina bhfuil an tseirbhís á húsáid ag leanaí, na haoisghrúpaí éagsúla d'úsáideoirí is leanaí agus an riosca go ndéanfar sirtheoireacht ar leanaí i ndáil leis na haoisghrúpaí sin;

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e – pointe iii – fleasc 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

— a chur ar chumas d'úsáideoirí

Leasú

— feidhmiúlachtaí lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí an mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a mharcáil don soláthraí trí uirlisí atá sorochtana agus aoisoiriúnach **agus lena dtugtar urraim do phríobháideachas úsáideoirí;**

Leasú

— **comhtháthú uirlisí amhail cúntóirí sábháilteachta chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc;**

Leasú

(ii) i gcás ina bhfuil an tseirbhís á húsáid ag leanaí, na haoisghrúpaí éagsúla d'úsáideoirí is leanaí agus an riosca go ndéanfar sirtheoireacht ar leanaí i ndáil leis na haoisghrúpaí sin, **chomh maith leis an riosca a bhaineann le daoine fásta a úsáideann an tseirbhís chun leanaí a shireadh;**

Leasú

— a chur ar chumas d'úsáideoirí

teagmháil a *dhéanamh* le húsáideoirí eile go díreach, go háirithe tríd an gcumarsáid phríobháideach;

teagmháil *gan iarraidh* a *thionscnamh* le húsáideoirí eile go díreach, go háirithe tríd an gcumarsáid phríobháideach;

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 2 – pointe e – pointe iii a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(iii) na bearta atá ann cheana chun rioscaí a mhaolú i gcás inar féidir feidhmiúlachtaí an fheidhmchláir a úsáid chun leanaí a shireadh, nó chun ábhar mí-úsáide a roinnt, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do chúntóirí sábháilteachta, agus mainneachtainí sábháilte maidir le hinfheictheacht agus inrochtaineacht leanaí ar an ardán;

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

6. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúchán poiblí a stiúradh, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1 go 5, ag féachaint go cuí go háirithe d'fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus do na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

6. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúchán poiblí a stiúradh, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1 go 5, ag féachaint go cuí go háirithe d'fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus *do threochtaí teicneolaíochta arna dtuairisciú ag údaráis, ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ag eagraíochtaí tacaíochta íospartach, agus* do na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(aa) *bearta agus uirlisí teicniúla a sholáthar, ar bhealach atá aois-oiriúnach, a cheadaíonn d'úsáideoirí, agus go háirithe do leanaí, a bpríobháideacht, a n-infheictheacht, a n-inrochtaineacht agus a sábháilteacht féin a bhainistiú, agus atá socraithe ag na leibhéil is sláine de réir réamhshocraithe*

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ab) *úsáideoirí a chur ar an eolas, agus riachtanais leanaí á gcoinneáil i gcumhne, faoi acmhainní agus seirbhísí seachtracha i gcomharsanacht an úsáideora maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc, comhairleoireacht trí línte cabhrach nó ar líne, acmhainní oideachais arna soláthar ag beolíní agus eagraíochtaí cosanta leanaí, agus faisnéis faoi thacaíocht d'íospartaigh;*

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ac) *uirlisí a sholáthar ar bhealach feiceálach ar a n-ardán lena ligtear d'úsáideoirí cabhair a lorg óna mbeolíní áitiúil nó náisiúnta;*

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) an comhar a thionscnamh nó a choigeartú, i gcomhréir le dlí na hiomaíochta, le soláthraithe eile na seirbhísí óstála nó le soláthraithe na seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, le húdaráis phoiblí, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta nó, i gcás inarb infheidhme, le heintitis ar ar dámhadh stádas mar chomharthóirí iontaofa i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) .../... [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE] .

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(c) an comhar a thionscnamh nó a choigeartú, i gcomhréir le dlí na hiomaíochta, le soláthraithe eile na seirbhísí óstála nó le soláthraithe na seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, le húdaráis phoiblí, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, **beolinte** nó, i gcás inarb infheidhme, le heintitis ar ar dámhadh stádas mar chomharthóirí iontaofa i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) .../... [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE] .

Leasú

(ca) uirlisí a sholáthar d'úsáideoirí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, go háirithe leanaí, chun cabhrú leo foghlaim faoi na rioscaí ar líne agus iad sin a shainaithint agus a sheachaint, go háirithe trí chúntóirí sábháilteachta a chomhtháthú.

Leasú

(ba) spriocdhírthe agus comhréireach i ndáil leis an riosca sin, ag cur san áireamh leochaileachtaí sonracha leanaí

ar líne agus as líne, go háirithe cailíní, chomh maith leis an riosca atá os comhair na ndaoine sin a ndéantar idirdhealú trasnach ar bhonn gnéis, cine, datha, tionscnaimh eitnigh nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiúin nó creidimh, tuairime polaitiúla nó aon tuairime eile, ballraíochta de mhionlach náisiúnta, maoine, breithe, míchumais, aoise, inscne nó claonta ghnéasaigh orthu;

Leasú 55

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe d a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(da) forbartha i gcomhar le leanaí a bhaineann úsáid as an tseirbhís;

Leasú 56

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4a – an chuid réamhráiteach (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4a. I gcás ina n-úsáidtear ardán ar líne go príomha chun inneachar pornagrafach arna ghiniúint ag an úsáideoir a scaipeadh, déanfaidh an t-ardán na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun an méid seo a leanas a áirithiú:

Leasú 57

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4a – pointe a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(a) sásraí tuairiscithe atá éasca le

húsáid agus oiriúnach do leanaí chun ábhar a líomhnaítear a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a thuairisciú;

Leasú 58

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4a – pointe b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) modhnóireacht leordhóthanach ar ábhair daonna chun fógraí faoi ábhar a líomhnaítear a bheith faoi mhí-úsáid ghnéasach leanaí a phróiseáil go tapa;

Leasú 59

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4a – pointe c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(c) sásraí uathoibríocha agus eilimintí dearaidh comhéadain chun úsáideoirí a chur ar an eolas faoi chláir idirghabhála coisctheacha seachtracha i gcomharsanacht an úsáideora.

Leasú 60

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4b – an chuid réamhráiteach (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4b. Déanfaidh soláthraithe cluichí ar líne a oibríonn seirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir laistigh dá gcluichí na bearta teicniúla agus eagrúcháin is gá

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4 b – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**(a) chun úsáideoirí a chosc ó
theagmháil gan iarraidh a thionscnamh le
húsáideoirí eile**

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4 b – pointe b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**(b) chun tuairisciú soláimhsithe ar
ábhar a líomhnaítear a bhaineann le mí-
úsáid ghnéasach leanaí a éascú;**

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4 b – pointe c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**(c) chun bearta agus uirlisí teicniúla a
sholáthar a cheadaíonn d'úsáideoirí, a
bpríobháideacht féin, a n-infheictheacht,
a n-inrochtaineacht agus a sábháilteacht
féin a bhainistiú, agus atá socraithe ag na
leibhéil is sláine de réir réamhshocraithe;**

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4 b – pointe d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**(d) chun uirlisí a sholáthar ar
bhealach feiceálach ar a n-ardán lena
ligtear d'úsáideoirí cabhair a lorg óna
mbeolíne áitiúil;**

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus le Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúchán poiblí a stiúradh, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1, 2, 3 agus 4, ag féachaint go cuí go háirithe d'fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus do na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Leasú

5. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúchán poiblí a stiúradh, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1 go 3, ag féachaint go cuí go háirithe d'fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus ***do threochtaí agus fianaise arna dtuairisciú ag údaráis fhorfheidhmiú an dlí, beolínte, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, EIGE agus cuideachtaí teicneolaíochta, maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac agus*** do na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

5a. Chun na bearta maolaithe riosca arna nglacadh ag na soláthraithe a chomhlánú, tabharfar isteach bearta oideachais agus coiscithe atá inscne-íogaire agus a oireann do leanaí agus cuirfear chun feidhme iad.

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) bearta réasúnta a dhéanamh chun úsáideoirí is leanaí a chosc ó rochtain a dhéanamh ar fheidhmchláir bogearraí ar shainnithin siad riosca suntasach leo d'úsáid na seirbhíse lena mbaineann chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí;

(b) bearta réasúnta a dhéanamh chun úsáideoirí is leanaí a chosc ó rochtain a dhéanamh ar fheidhmchláir bogearraí **nach bhfuil ceaptha lena n-úsáid nó nach bhfuil oiriúnaithe dá riachtanais sábháilteachta** ar shainnithin siad riosca suntasach leo d'úsáid na seirbhíse lena mbaineann chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí;

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus le Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúchán poiblí a stiúradh, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1, 2 agus 3, ag féachaint go cuí go háirithe d'fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus do na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Leasú

4. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúchán poiblí a stiúradh, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1, 2 agus 3, ag féachaint go cuí go háirithe d'fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus **do threochtaí agus fianaise arna dtuairisciú ag údaráis fhorfheidhmiú an dlí, beolínite, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, EIGE agus cuideachtaí teicneolaíochta, maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac agus** do na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) i gcás ina mbaineann an dréachtphlean cur chun feidhme le hordú braite atá beartaithe maidir le sirtheoireacht ar leanaí seachas athnuachan an ordaithe braite a eisíodh roimhe seo gan aon athrú substainteach air, **measúnú**tionchair um

Leasú

(b) i gcás ina mbaineann an dréachtphlean cur chun feidhme le hordú braite atá beartaithe maidir le sirtheoireacht ar leanaí seachas athnuachan an ordaithe braite a eisíodh roimhe seo gan aon athrú substainteach air, **measúnúithe** tionchair

chosaint sonraí agus nós imeachta réamhchomhairliúcháin a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach, i ndáil leis na bearta a leagtar amach sa phlean cur chun feidhme;

um chosaint sonraí, ***inscne agus cearta an linbh***, agus nós imeachta réamhchomhairliúcháin a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach, i ndáil leis na bearta a leagtar amach sa phlean cur chun feidhme;

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) i gcás ina bhfuil feidhm ag pointe (b), nó i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2016/679, an dréachtphlean cur chun feidhme a choigeartú, i gcás inar gá i bhfianaise thoradh an ***mheasúnaithe*** tionchair um chosaint sonraí agus d'fhonn tuairim an údaráis cosanta sonraí a chur san áireamh arna cur ar fáil mar fhreagairt ar an gcomhairliúchán roimhe seo;

Leasú

(c) i gcás ina bhfuil feidhm ag pointe (b), nó i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2016/679, an dréachtphlean cur chun feidhme a choigeartú, i gcás inar gá i bhfianaise thoradh ***na measúnuithe*** tionchair um chosaint sonraí, ***inscne agus cearta an linbh***, agus d'fhonn tuairim an údaráis cosanta sonraí a chur san áireamh arna cur ar fáil mar fhreagairt ar an gcomhairliúchán roimhe seo;

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 10 – mír 4 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(d) sásra inrochtana, aoisoiriúnach agus so-úsáidte a chur ar bun agus a oibriú, lena gceadaítear d'úsáideoirí gearáin a chur faoina bhráid, laistigh de thréimhse réasúnach, gearáin maidir le sáruihte líomhnaithe dá oibleagáidí faoin Roinn seo, agus aon chinneadh a d'fhéadfadh an soláthraí a dhéanamh i ndáil le húsáid na dteicneolaíochtaí, lena n-áirítear baint nó díchumasú na rochtana ar ábhar a sholáthraíonn úsáideoirí, bac a chur ar chuntais úsáideoirí nó soláthar na seirbhísí

Leasú

(d) sásra inrochtana, aoisoiriúnach, ***inscne-íogaire***, agus so-úsáidte a chur ar bun agus a oibriú, lena gceadaítear d'úsáideoirí gearáin a chur faoina bhráid, laistigh de thréimhse réasúnach, gearáin maidir le sáruihte líomhnaithe dá oibleagáidí faoin Roinn seo, agus aon chinneadh a d'fhéadfadh an soláthraí a dhéanamh i ndáil le húsáid na dteicneolaíochtaí, lena n-áirítear baint nó díchumasú na rochtana ar ábhar a sholáthraíonn úsáideoirí, bac a chur ar

do na húsáideoirí a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, agus gearáin den sórt sin a phróiseáil ar bhealach oibiachtúil, éifeachtach agus tráthúil;

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus le Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúcháin poiblí a stiúradh, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 7 go 10, agus aird iomchuí á tabhairt ar fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus ar na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

I gcás ina gcuireann an soláthraí tuarascáil isteach de bhun mhír 1, cuirfidh sé an t-úsáideoir lena mbaineann, ar an eolas, **ag soláthar** faisnéise maidir le príomhinneachar na tuarascála, faoin mbealach inar éirigh an soláthraí feasach faoin mí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha lena mbaineann, faoin mbeart leantach a thugtar don tuarascáil a mhéid atá faisnéis den sórt sin ar fáil don soláthraí

chuntais úsáideoirí nó soláthar na seirbhísí do na húsáideoirí a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, agus gearáin den sórt sin a phróiseáil ar bhealach oibiachtúil, éifeachtach agus tráthúil;

Leasú

Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúcháin poiblí a stiúradh, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 7 go 10, ag féachaint go cuí go háirithe d'fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus **do threochtaí agus fianaise arna dtuairisciú ag údaráis fhorfheidhmiú an dlí, beolinte, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, EIGE agus cuideachtaí teicneolaíochta, maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac agus** do na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Leasú

I gcás ina gcuireann an soláthraí tuarascáil isteach de bhun mhír 1, **iarrfaidh sé údarú ar Láraonad an Aontais** an t-úsáideoir lena mbaineann a chur ar an eolas, **agus tabharfaidh an Lárionad freagra gan mhoill mhíchuí. Aireofar san fhógra don úsáideoir** faisnéis maidir le príomhinneachar na tuarascála, faoin mbealach inar éirigh an soláthraí feasach faoin mí-úsáid ghnéasach *leanaí*

agus faoi fhéidearthachtaí sásaimh an úsáideora, lena n-áirítear maidir leis an gceart chun gearáin a chur faoi bhráid an Údaráis Chomhordúcháin i gcomhréir le hAirteagal 34.

fhéideartha lena mbaineann, faoin mbeart leantach a thugtar don tuarascáil a mhéid atá faisnéis den sórt sin ar fáil don soláthraí agus faoi fhéidearthachtaí sásaimh an úsáideora, lena n-áirítear maidir leis an gceart chun gearáin a chur faoi bhráid an Údaráis Chomhordúcháin i gcomhréir le hAirteagal 34.

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Déanfaidh an soláthraí sásra inrochtana, **aoisoiriúnach** agus so-úsáidte a chur ar bun agus a oibriú, lena gcuirtear ar chumas d'úsáideoirí nóta a dhéanamh don soláthraí maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha ar an tseirbhís.

Leasú

3. Déanfaidh an soláthraí sásra inrochtana, aoisoiriúnach agus so-úsáidte a chur ar bun agus a oibriú **le roghanna atá oiriúnach ó thaobh inscne agus aoise de** lena gcuirtear ar chumas d'úsáideoirí nóta a dhéanamh go hanaithnid, **más fearr**, don soláthraí, maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha ar an tseirbhís.

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3a. Má léirítear an mhí-úsáid ghnéasach fhéideartha leanaí ar líne ar an tseirbhís, cuirfidh an soláthraí faisnéis riachtanach maidir le sábháilteacht ar líne agus sainseirbhísí tacaíochta leanaí, amháil línte cabhrach agus beolínthe ar fáil don úsáideoir a thuairiscigh an t-ábhar, chomh maith leis an ábhar a thuairisciú. Más leanbh an t-úsáideoir, déanfar an soláthar thuasluaite den fhaisnéis ar bhealach atá oiriúnach do leanaí agus a oireann dá n-aois.

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 13 – mír 1 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(j) cé acu a mheasann an soláthraí go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach i bhfianaise na tuarascála nó nach bhfuil gá léi;

Leasú

(j) ***léiriú maidir le*** cé acu a mheasann an soláthraí go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach i bhfianaise na tuarascála nó nach bhfuil gá léi;

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 14 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. Sula n-iarrfaidh siad ordú baint anuas, déanfaidh na húdaráis atá ainmnithe i mír gach beart réasúnach chun a áirithiú nach gcuirfidh cur chun feidhme an ordaithe isteach ar ghníomhaíochtaí chun cionta um mí-úsáid ghnéasach leanaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 14 – mír 3 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(i) faisnéis shothuigthe maidir leis an sásamh atá ar fáil do sheolaí an ordaithe baint anuas, lena n-áirítear faisnéis faoi shásamh os comhair cúirte agus faoi na tréimhsí ama is infheidhme maidir le sásamh den sórt sin.

Leasú

(i) faisnéis shothuigthe ***agus inrochtana*** maidir leis ***na roghanna sásaimh a chaithfidh an tseirbhís a chur ar fáil do sheolaí an ordaithe baint anuas, ina socrú teanga***, lena n-áirítear faisnéis faoi shásamh os comhair cúirte agus faoi na tréimhsí ama is infheidhme maidir le sásamh den sórt sin, ***agus riachtanais éagsúla daoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh.***

Leasú 79

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 3 – pointe c b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(cb) más leanbh é an t-úsáideoir, tarchur chuig seirbhísí tacaíochta náisiúnta inniúla agus faisnéis bhunriachtanach maidir le sábháilteacht ar líne, i dteanga atá oiriúnach do leanaí;

Leasú 80

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 3 – pointe c c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(cc) acmhainní agus seirbhísí seachtracha i gcomharsanacht an úsáideora maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc, comhairleoireacht trí línte cabhrach, faisnéis faoi thacaíocht d'íospartaigh agus acmhainní oideachais a sholáthraíonn beolinte agus eagraíochtaí um chosaint leanaí;

Leasú 81

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fomhír ar bhealach sothuigthe, inrochtana, i socrú teanga an úsáideora, agus riachtanais éagsúla daoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh.

Leasú 82

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ceart na n-íospartach chun faisnéise

Leasú 83

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – fomhír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Beidh sé de cheart ag daoine a bhfuil cónaí **orthu** san Aontas faisnéis a fháil, arna iarraidh sin dóibh, ón Údarás Comhordúcháin a d'ainmnigh an Ballstát a bhfuil cónaí orthu, maidir le haon ásc ina dtuairiscítear scaipeadh ábhair aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad do Lárionad an Aontais de bhun Airteagal 12. Beidh sé de cheart ag **daoine** faoi mhíchumas faisnéis den sórt sin a iarraidh agus a fháil ar bhealach a bheidh inrochtana dóibh.

Leasú 84

Leasú

Airteagal 20

Ceart na n-íospartach chun faisnéise **agus tacaíochta**

Leasú

Beidh sé de cheart ag **aon íospartach agus/nó a ionadaí dlíthiúil** a bhfuil cónaí **air** san Aontas, **lena thoiliú feasach, agus ag íospartaigh ábhair mhí-úsáide gnéasaí leanaí arna óstáil nó arna scaipeadh san Aontas nó ag a n-ionadaithe dlíthiúla**, faisnéis a fháil, arna iarraidh sin dóibh, ón Údarás Comhordúcháin arna ainmniú ag an mBallstát ina **bhfuil cónaí orthu nó an tÚdarás Comhordúcháin dá rogha féin, ar faisnéis í atá sothuigthe, inrochtana agus aois-oiriúnach** maidir le haon ásc ina ndéantar scaipeadh ábhair mhí-úsáide gnéasaí leanaí aitheanta lena léirítear iad a thuairisciú do Lárionad an Aontais de bhun Airteagal 12 **agus tarchur chuig seirbhísí tacaíochta. Féadfaidh iarratas ócáideach agus iarratas tréimhsiúil araon a bheith san iarratas.** Beidh sé de cheart ag **íospartaigh** faoi mhíchumas faisnéis den sórt sin a iarraidh agus a fháil ar bhealach a bheidh inrochtana dóibh, **agus ba cheart an fhaisnéis ábhartha a thabhairt sa teanga atá curtha in iúl ag an duine sin. Déanfar é sin laistigh de thréimhse réasúnta ama.**

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – fomhír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Tarchuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin sin an iarraidh chuig Lárionad an Aontais trí mheán an chórais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2), agus cuirfidh sé na torthaí a gheofar ó Lárionad an Aontais in iúl don duine a dhéanann an iarraidh.

Leasú

Tarchuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin sin an iarraidh chuig Lárionad an Aontais trí mheán an chórais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2), agus cuirfidh sé na torthaí a gheofar ó Lárionad an Aontais in iúl don duine a dhéanann an iarraidh. ***Déanfar tarchur an iarratais agus aird chuí á tabhairt ar chosaint chéannacht agus príobháideacht an íospartaigh, mar aon le bearta chun príobháideacht agus íomhánna a theaghlaigh a chosaint, ar bhealach atá íogair d'íospartaigh nó atá aois-oiriúnach agus inscne-íogair. Tá cosaint den sórt sin thar a bheith tábhachtach d'íospartaigh is leanaí agus folaítear léi neamhnochtadh ar ainm an linbh. Beidh forlámhas ag cur chuige atá íogair ó thaobh an linbh de, agus aird chuí á tabhairt ar aois, aibíocht, tuairimí, riachtanais agus imní an linbh. Cuirfear an leanbh agus sealbhóir na freagrachta tuismitheora nó ionadaí dlíthiúil eile, más ann dó, ar an eolas faoina gcearta mar íospartaigh. Soláthróidh an tÚdarás Comhordúcháin faisnéis d'íospartaigh freisin maidir le rochtain ar na sainseirbhísí tacaíochta atá ar fáil.***

Leasú 85

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1a – an chuid réamhráiteach (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. Beidh an ceart ag íospartaigh mí-úsáide gnéasaí leanaí nó a n-ionadaithe agus daoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas faisnéis a fháil, arna iarraidh sin dóibh, ón Údarás Comhordúcháin maidir le cearta íospartach, tacaíocht agus cúnamh. Beidh an fhaisnéis aois-

*oiriúnach, inrochtana agus inscne-íogair
agus áireofar inti ar a laghad:*

Leasú 86

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1a – pointe a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(a) an cineál tacaíochta is féidir leo a fháil agus na seibhísí sin ónar féidir leo í a fháil, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, faisnéis bhunúsach faoi rochtain ar thacaíocht leighis, aon tacaíocht speisialaithe, lena n-áirítear tacaíocht shíceolaíoch nó shóisialta, agus cóiríocht mhalartach;

Leasú 87

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1a – pointe b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) na nósanna imeachta chun gearáin a dhéanamh maidir le cion coiriúil agus an ról atá acu maidir leis na nósanna imeachta sin;

Leasú 88

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1a – pointe c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(c) conas is féidir leo cosaint a fháil, lena n-áirítear bearta cosanta agus na coinníollacha faoina mbeidh siad in ann iad a fháil;

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1a – pointe d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(d) conas is féidir leo rochtain a fháil ar chomhairle dlí, ar chúnamh dlíthiúil agus ar aon chineál eile comhairle agus na coinníollacha faoina mbeidh siad in ann rochtain a fháil orthu.

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1a – pointe e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(e) conas is féidir leo rochtain a fháil ar chúiteamh agus na coinníollacha faoina mbeidh siad in ann rochtain a fháil air;

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1a – pointe f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(f) how and under what conditions they are entitled to interpretation and translation;

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1b. I gcás ina léireoidh íospartach nó ionadaí íospartaigh an rogha d'iarraidh thréimhsiúil, cuirfidh an tÚdarás

Comhordúcháin an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 faoi bhráid an iarrthóra gan mhoill agus go réamhghníomhach tar éis an chéad fhreagra a cuireadh isteach, in aon chásanna nua de thuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn seachtainiúil. Is féidir le híospartaigh nó le hionadaithe íospartaigh an iarraidh thréimhsiúil a fhoirceannadh tráth ar bith trí fhógra a thabhairt don Údarás Comhordúcháin ábhartha.

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 20 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) i gcás inarb infheidhme, an duine aonair nó an t-eintiteas a gheobhaidh an fhaisnéis thar ceann an duine a dhéanann an iarraidh;

Leasú

(b) i gcás inarb infheidhme, an duine aonair nó an t-eintiteas **atá ag tabhairt cúnamh fhoirmiúil don duine nó a dhéanann ionadaíocht thar a cheann** a gheobhaidh an fhaisnéis thar ceann an duine a dhéanann an iarraidh **le cruthúnas infhíoraithe ar fhormheas an duine a dhéanann an iarraidh;**

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 20 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) dóthain gnéithe **le haitheantas** an duine a dhéanann an iarraidh **a léiriú.**

Leasú

(c) dóthain gnéithe **chun a fhíorú go bhfuil an t-ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann ag teacht leis** an duine a dhéanann an iarraidh.

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 20 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(c a) léiriú más iarraidh ócáideach atá san iarraidh nó an gcumdaítear tréimhse áirithe ama léi.

Leasú 96

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 2 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. *Áiritheoidh an tÚdarás Comhordúcháin go gcuirfear íospartaigh agus/nó a n-ionadaithe dlithiúla agus marthanóirí fásta ar an eolas faoi sheirbhísí tacaíochta d'íospartaigh inar féidir leis na híospartaigh faisnéis agus tacaíocht atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus íogair ó thaobh inscne de a fháil.*

Leasú 97

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 3 – pointe a**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(a) sainaitheantas an tsoláthraí a chuir an tuarascáil isteach;

(a) sainaitheantas an tsoláthraí/na soláthraithe a chuir an tuarascáil isteach;

Leasú 98

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 3 – pointe b**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) dáta na tuarascála;

(b) dáta(i) na tuarascála(cha)

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) cé acu a sheol nó nár sheol Lárionad an Aontais an tuarascáil ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 48(3) agus, má sheol, cé na húdaráis ar seoladh chucu í;

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 3 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 3 – pointe d b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1

Leasú

(c) cé acu a sheol nó nár sheol Lárionad an Aontais an tuarascáil ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 48(3) agus, má sheol, cé na húdaráis ar seoladh chucu í;

Leasú

(da) faisnéis maidir le seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh atá aois-oiriúnach agus inscne-íogair chun tacaíocht leordhóthanach mhothúchánach agus shíceasóisialta a chur ar fáil don leanbh, don teaghlach agus do mharthanóirí chomh maith le cúnamh praiticiúil agus dlíthiúil;

Leasú

(db) faisnéis nua ábhartha aois-oiriúnach, inrochtana agus inscne-íogair maidir le tacaíocht agus cúnamh d'íospartaigh i réigiún an íospartaigh.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí óstála cúnamh ***réasúnta***, arna iarraidh sin, do ***dhaoine*** a bhfuil cónaí orthu san Aontas a fhéachann le mír shonrach amháin nó níos mó d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad a bhaint, nó a fhéachann le rochtain air sin a dhíchumasú ag an soláthraí.

Leasú

1. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí óstála cúnamh ***gan mhoill***, arna iarraidh sin, ar an mbealach is éifeachtaí agus is tráthúla, ***d'íospartaigh nó do shealbhóirí na freagrachta tuismitheora thar ceann na n-íospartach nó do chaomhnóirí dlíthiúla na n-íospartach*** a bhfuil cónaí orthu san Aontas a fhéachann le mír shonrach amháin nó níos mó d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad a bhaint, nó a fhéachann le rochtain air sin a dhíchumasú ag an soláthraí, ***ag gníomhú dóibh ar mhaithe le leas an linbh***.

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. Cuirfear oiliúint leordhóthanach ar ghairmithe ar dóigh dóibh dul i dteagmháil le híospartaigh mí-úsáide ghnéasaí leanaí chun déileáil le híospartaigh den sórt sin, agus íogaireachtaí inscne á gcur san áireamh.

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Beidh sé de cheart ag daoine ***a bhfuil cónaí orthu*** san Aontas tacaíocht a fháil ó Lárionad an Aontais, arna iarraidh sin dóibh, ón Údarás Comhordúcháin a d'ainmnigh an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an duine, nuair a fhéachann siad le rochtain ar mhír shonrach amháin nó níos mó

Beidh sé de cheart ***ag íospartaigh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí arna óstáil nó arna scaipeadh san Aontas nó ag a n-ionadaithe dlíthiúla*** nó ag daoine san Aontas ***faisnéis atá aois-oiriúnach agus inscne-íogair maidir le tacaíocht chun baint anuas, lena n-áirítear tacaíocht ó***

d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad a bhaint nó a dhíchumasú ag soláthraí seirbhísí óstála. Beidh sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas aon fhaisnéis a iarradh agus a fháil i ndáil le tacaíocht den sórt sin ar bhealach a bheidh inrochtana dóibhsean.

eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus beolinte a fháil ó Lárionad an Aontais, arna hiarraidh sin dóibh, ón Údarás Comhordúcháin a d'ainmnigh an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an duine ***nó ón Údarás Comhordúcháin dá rogha féin***, nuair a fhéachann siad le rochtain ar mhír shonrach amháin nó níos mó d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad a bhaint nó a dhíchumasú ag soláthraí seirbhísí óstála. Beidh sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas aon fhaisnéis a iarradh agus a fháil i ndáil leis an tacaíocht sin ar bhealach a bheidh ***iomchuí agus*** inrochtana dóibhsean.

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 21 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Tabharfar le fios sna hiarrataí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 an mhír nó na míreanna ábhartha d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí.

Leasú

3. Tabharfar le fios sna hiarrataí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 an mhír nó na míreanna ábhartha d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ***agus aon fhaisnéis ábhartha eile***.

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 21 – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) a fhíorú cé acu a bhain nó a dhíchumasaigh an soláthraí rochtain ar an mír sin nó ar na míreanna sin, lena n-áirítear trí na cuardaigh a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 49(1);

Leasú

(b) a fhíorú cé acu ***agus cathain*** a bhain nó a dhíchumasaigh an soláthraí rochtain ar an mír sin nó ar na míreanna sin, lena n-áirítear trí na cuardaigh a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 49(1);

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 4 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(d) i gcás inar gá, Údarás Comhordúcháin na bunaíochta a chur ar an eolas faoi láithreach na míre sin nó na míreanna sin *sa tseirbhís*, d'fhonn ordú baint anuas a eisiúint de bhun Airteagal 14.

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 4 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ní chaomhnóidh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta na sonraí ineachair agus sonraí eile arna bpróiseáil i ndáil leis na bearta a rinneadh chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus na sonraí pearsanta a gineadh trí phróiseáil den sórt sin, ach amháin le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí a leanas, de réir mar is infheidhme:

Leasú 110

Leasú

(d) i gcás inar gá, Údarás Comhordúcháin na bunaíochta a chur ar an eolas faoi láithreach na míre sin nó na míreanna sin *i seirbhís an tsoláthraí*, d'fhonn ordú baint anuas a eisiúint de bhun Airteagal 14 *agus na hoibleagáidí faoi Airteagal 21*.

Leasú

(da) faisnéis maidir le cearta an íospartaigh, cúnamh agus tacaíocht don íospartach de bhun Airteagal 21.

Leasú

Ní chaomhnóidh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta na sonraí ineachair *is gá* agus sonraí eile arna bpróiseáil i ndáil leis na bearta a rinneadh chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus na sonraí pearsanta a gineadh trí phróiseáil den sórt sin, ach amháin le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí a leanas, de réir mar is infheidhme:

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

A mhéid a bhaineann leis an gcéad fhomhír, pointe (a), féadfaidh an soláthraí an fhaisnéis a chaomhnú freisin chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus cruinneas na dteicneolaíochtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath chun ordú braite a fhorghníomhú a eisíodh dó i gcomhréir le hAirteagal 7. Ní dhéanfaidh sé aon sonra pearsanta a stóráil chun na críche sin, áfach.

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. Áiritheoidh gach Ballstát go n-ainmnítear nó go gcuirtear pointe teagmhála ar bun laistigh d'oifig an Údaráis Comhordúcháin chun iarrataí ar shoiléiriú, aiseolas agus cumarsáid eile a láimhseáil, i ndáil le gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo sa Bhallstát sin. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis maidir leis an bpointe teagmhála ar fáil go poiblí agus **cuirfidh** siad in iúl do Lárionad an Aontais **í**. Coinneoidh siad an fhaisnéis sin cothrom le dáta.

Leasú

A mhéid a bhaineann leis an gcéad fhomhír, pointe (a), féadfaidh an soláthraí an fhaisnéis, **lena n-áirítear sonraí maidir le hinscne agus aois**, a chaomhnú freisin chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus cruinneas na dteicneolaíochtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath chun ordú braite a fhorghníomhú a eisíodh dó i gcomhréir le hAirteagal 7. Ní dhéanfaidh sé aon sonra pearsanta a stóráil chun na críche sin, áfach.

Leasú

5. Áiritheoidh gach Ballstát go n-ainmnítear nó go gcuirtear pointe teagmhála **a bhfuil foireann leodhóthanach aige** ar bun laistigh d'oifig an Údaráis Comhordúcháin chun iarrataí ar shoiléiriú, aiseolas agus cumarsáid eile a láimhseáil, i ndáil le gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo **agus forfheidhmiú Threoir 2011/93/AE** sa Bhallstát sin. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis maidir leis an bpointe teagmhála ar fáil go poiblí, agus **scaipfidh siad an fhaisnéis sin trí fheachtais múscailte feasachta atá inscne-íogaire in áiteanna poiblí ina gcrúinníonn leanaí, agus cailíní go háirithe, agus ar líne agus déanfaidh siad í** a chur in iúl do Lárionad an Aontais. Coinneoidh siad an fhaisnéis sin cothrom le dáta. **Rannchuideoidh an tÚdarás Comhordúcháin le faisnéis agus ábhar ábhartha chun feachtais mhúscailte feasachta nó feachtais oideachais atá dírithe agus nach gcuireann as do leanaí**

a chur chun cinn do leanaí agus do dhaoine fásta freisin maidir leis na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne. Beidh rannchuidiú den sórt sin bunaithe ar shaineolas agus ar aiseolas ó Lárionad an Aontais agus déanfar é le peirspictíocht atá inscne-íogair.

Leasú 112

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 7 – pointe a**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) faisnéis áirithe nó saineolas **teicniúil** a sholáthar ar chúrsaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo;

Leasú

(a) faisnéis áirithe nó saineolas a sholáthar ar chúrsaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo;

Leasú 113

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 7 – pointe a a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) faisnéis áirithe nó saineolas **teicniúil** a sholáthar ar chúrsaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo;

Leasú

(aa) faisnéis a sholáthar ar an bhfios gnó agus ar na teicnící a forbraíodh chun sirtheoireacht leanaí ar líne a chosc agus ar scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, ag díriú go háirithe ar an ngné aoise agus inscne;

Leasú 114

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 7 – pointe d a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(d) eolas áirithe nó saineolas **teicniúil** a sholáthar ar chúrsaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo;

Leasú

(da) eolas agus saineolas a chur ar fáil maidir le teicnící agus bearta coisctheacha iomchuí atá curtha in oiriúint de réir aoise agus inscne in

aghaidh sirtheoireacht leanaí ar líne agus scaipeadh ábhair a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne.

Leasú 115

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 8**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

8. Soláthróidh Lárionad an Aontais an cúnamh sin saor in aisce agus i gcomhréir lena chúraimí agus oibleagáidí faoin Rialachán seo agus a mhéid a cheadaítear lena acmhainní **agus a thosaíochtaí**.

Leasú

8. Soláthróidh Lárionad an Aontais an cúnamh sin saor in aisce agus i gcomhréir lena chúraimí agus oibleagáidí faoin Rialachán seo agus a mhéid a cheadaítear lena acmhainní.

Leasú 116

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 9 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

9a. **Agus é i dteagmháil le híospartaigh agus le marthanóirí nó in aon chinneadh a dhéanann dífeair d'íospartaigh agus do mharthanóirí, oibreoidh an tUdarás Comhordúcháin ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus íogair ó thaobh inscne de, lena n-íoslaghdófar rioscaí d'íospartaigh agus do mharthanóirí, go háirithe leanaí, lena dtabharfar aghaidh ar dhíobháil d'íospartaigh agus lena bhfreastalófar ar a riachtanais. Feidhmeoidh sí ar bhealach atá íogair ó thaobh na hinscne de agus lena dtugtar tús áite d'aithint agus d'éisteacht leis an íospartach, lena seachnaítear íospairt thánaisteach agus aththrámú, agus lena ndíreofar go córasach ar a sábháilteacht, a gcearta, a ndea-bháil, a riachtanais agus a roghanna sainráite, agus lena n-áirithítear go gcaítear leo ar bhealach ionbhách, íogair agus**

Leasú

9a. **Agus é i dteagmháil le híospartaigh agus le marthanóirí nó in aon chinneadh a dhéanann dífeair d'íospartaigh agus do mharthanóirí, oibreoidh an tUdarás Comhordúcháin ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus íogair ó thaobh inscne de, lena n-íoslaghdófar rioscaí d'íospartaigh agus do mharthanóirí, go háirithe leanaí, lena dtabharfar aghaidh ar dhíobháil d'íospartaigh agus lena bhfreastalófar ar a riachtanais. Feidhmeoidh sí ar bhealach atá íogair ó thaobh na hinscne de agus lena dtugtar tús áite d'aithint agus d'éisteacht leis an íospartach, lena seachnaítear íospairt thánaisteach agus aththrámú, agus lena ndíreofar go córasach ar a sábháilteacht, a gcearta, a ndea-bháil, a riachtanais agus a roghanna sainráite, agus lena n-áirithítear go gcaítear leo ar bhealach ionbhách, íogair agus**

Leasú 117

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanann na hÚdaráis Chomhordúcháin a d’ainmnigh siad a gcúraimí faoin Rialachán seo ar bhealach oibiachtúil, neamhchlaonta, trédhearcach agus tráthúil, agus lánurraim á léiriú do chearta bunúsacha gach páirtí dá ndéantar difear. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil acmhainní teicniúla, airgeadais agus daonna leormhaithe ag a nÚdaráis Chomhordúcháin chun a gcúraimí a chur i gcrích.

Leasú

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanann na hÚdaráis Chomhordúcháin a d’ainmnigh siad a gcúraimí faoin Rialachán seo ar bhealach oibiachtúil, neamhchlaonta, trédhearcach agus tráthúil, agus lánurraim á léiriú do chearta bunúsacha gach páirtí dá ndéantar difear. ***Áiritheoidh siad freisin go gcomhlíonfaidh a nÚdaráis Chomhordúcháin a gcúraimí le lánmheas agus lán-íogaireacht i leith íospartach agus a n-ionadaithe, agus béim á leagan ar ath-íospairt a sheachaint, ar shábháilteacht an íospartaigh agus ar a gcuid riachtanas.*** Áiritheoidh na Ballstáit ***freisin*** go bhfuil acmhainní teicniúla, airgeadais agus daonna leormhaithe ag a nÚdaráis Chomhordúcháin chun a gcúraimí a chur i gcrích.

Leasú 118

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 4**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4 Áiritheoidh na hÚdaráis Chomhordúcháin go mbeidh na cáilíochtaí, an taithí agus na scileanna teicniúla is gá ag baill foirne ábhartha chun a ndualgais a fheidhmiú.

Leasú

4 Áiritheoidh na hÚdaráis Chomhordúcháin go mbeidh na cáilíochtaí, an taithí agus na scileanna teicniúla is gá ag baill foirne ábhartha chun a ndualgais a fheidhmiú. ***Áiritheoidh siad freisin go gcuirfeair oiliúint leordhóthanach agus minice i dtacaíocht thrasnach d’íospartaigh ar fáil do na baill foirne a thagann i dteagmháil le híospartaigh.***

Leasú 119
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4a. *Áiritheoidh na hÚdaráis Chomhordaithe go mbeidh ceapachán na bainistíochta agus na foirne faoi réir seiceáil cúla fostaíochta.*

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2 Soláthróidh Údaráis Chomhordúcháin sásraí atá *oiriúnach do leanaí* chun gearán a chur isteach faoin Airteagal seo, agus cur chuige *atá íogair do leanaí* a ghlacadh nuair a láimhseáiltear gearáin *arna gcur isteach ag leanaí*, agus aird chuí á tabhairt *d’aois, aibíocht, tuairimí, éilimh agus ábhair inní an linbh.*

2 Soláthróidh Údaráis Chomhordúcháin sásraí atá *inrochtana agus oiriúnach ó thaobh aoise de* chun gearán a chur isteach faoin Airteagal seo, agus cur chuige atá *oiriúnach ó thaobh aoise de agus atá íogair ó thaobh inscne de* a ghlacadh nuair a láimhseáiltear gearáin, agus aird chuí á tabhairt do *na* tuairimí, *na héilimh* agus *na hábhair inní. Agus gearáin á bpróiseáil, cuirfear dícheall cuí san áireamh agus soláthrófar faisnéis riachtanach don ghearánach.*

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 3 – fómhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. *Cuirfear úsáideoirí ar an eolas go cuí faoi thoradh an ghearáin.*

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 1

1. Comhoibreoidh Údaráis Chomhordúcháin le chéile, le haon údarás inniúil eile den Bhallstát a d'ainmnigh an tÚdarás Chomhordúcháin, leis an gCoimisiún, le Lárionad an Aontais agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile den Aontas, lena n-áirítear Europol, chun comhlíonadh a gcúraimí faoi seach faoin Rialachán seo a éascú agus a áirithiú, agus a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach a áirithiú.

1. Comhoibreoidh Údaráis Chomhordúcháin le chéile, le haon údarás inniúil eile den Bhallstát a d'ainmnigh an tÚdarás Chomhordúcháin, leis an gCoimisiún, le Lárionad an Aontais agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile den Aontas, lena n-áirítear Europol, chun comhlíonadh a gcúraimí faoi seach faoin Rialachán seo a éascú agus a áirithiú, agus a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach a áirithiú. ***Bunóidh na hÚdaráis Chomhordúcháin sásraí córasacha maidir le malartú faisnéise agus dea-chleachtais maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus sirtheoireacht leanaí a chosc agus a chomhrac.***

Leasú 123

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 40 – mír 2**

2 Rannchuideoidh Lárionad an Aontais le cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach trí thacú le cur chun feidhme a fhorálacha maidir le rochtain ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú, a bhaint nó a dhíchumasú agus a bhlocáil agus tríd an gcur chun feidhme sin a éascú, agus trí fhaisnéis agus saineolas a bhailiú agus a roinnt agus comhar idir páirtithe poiblí agus príobháideacha ábhartha a éascú maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, go háirithe ar líne.

2 Rannchuideoidh Lárionad an Aontais le cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach trí thacú le cur chun feidhme a fhorálacha maidir le rochtain ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú, a bhaint nó a dhíchumasú agus a bhlocáil agus tríd an gcur chun feidhme sin a éascú, agus trí fhaisnéis, ***staitisticí imdhealaithe ó thaobh inscne, gnéis agus aoise de***, agus saineolas a bhailiú agus a roinnt agus comhar ***agus comhroinnt dea-chleachtas*** idir páirtithe poiblí agus príobháideacha ábhartha a éascú maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, go háirithe ar líne.

Leasú 124

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 43 – mír -1 (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Cuirfidh Lárionad Aontais cúnamh, saineolas agus comhordú ar fáil d’institiúidí, do chomhlachtaí, d’oifigí agus do ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais agus a Bhallstáit mar aon le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus comhlachtaí taighde nuair a bhíonn baint acu le cur chun feidhme dhlí an Aontais, i ndáil le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, chun tacú leo le linn dóibh bearta a dhéanamh nó cur chuige a cheapadh laistigh dá réimsí inniúlachta féin agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha.

Ina rannpháirtíocht le híospartaigh nó in aon chinneadh a dhéanann difear d’íospartaigh nó do dhaoine i ngrúpaí ardriosca, oibreoidh Lárionad an Aontais ar bhealach lena n-íoslaghdófar na rioscaí d’íospartaigh, go háirithe leanaí, lena dtabharfar aghaidh ar dhíobháil d’íospartaigh agus lena bhfreastalófar ar a riachtanais ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh aoise de, agus atá íogair ó thaobh inscne agus íospartaigh de agus agus urramóidh sé go hiomlán cearta daonna agus sibhialta maidir le dínit agus príobháideacht.

Leasú 125

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 43 – mír 1 – pointe 1 – pointe a**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) tacú leis an gCoimisiún chun na treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 3(8), Airteagal 4(5), Airteagal 6(4) agus Airteagal 11 a ullmhú, lena n-áirítear trí fhaisnéis ábhartha, saineolas agus dea-

Leasú

(a) tacú leis an gCoimisiún chun na treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 3(8), Airteagal 4(5), Airteagal 6(4) agus Airteagal 11 a ullmhú, lena n-áirítear trí fhaisnéis ábhartha *imdhealaithe ó thaobh*

chleachtas a bhailiú agus a sholáthar, agus comhairle ón gCoiste Teicneolaíochta dá dtagraítear in Airteagal 66 á cur san áireamh;

inscne, gnéis agus aoise de, saineolas agus dea-chleachtas a bhailiú agus a sholáthar, agus comhairle ón gCoiste Teicneolaíochta **agus ón mBord Comhairleach um Chearta Íospartach agus Marthanóirí** dá dtagraítear in Airteagal 66 **agus Airteagal 50a** á cur san áireamh;

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 43 – mír 1 – fomhír 4 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(d) faisnéis agus tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh i gcomhréir le hAirteagal 20 agus le hAirteagal 21;

Leasú

(d) faisnéis, cúnaimh agus tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh i gcomhréir le hAirteagal 20 agus le hAirteagal 21;

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 43 – mír 1 – pointe 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(6) giniúint **agus comhroinnt eolais a éascú** le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile den Aontas, le hÚdaráis Chomhordúcháin nó le húdaráis ábhartha eile na mBallstát chun rannchuidiú le cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, trí na nithe a leanas:

Leasú

(6) giniúint **eolais, forbairt uirlisí agus teicnící a éascú agus iad a gcomhroinnt** le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile den Aontas **agus eatarthu**, le hÚdaráis Chomhordúcháin nó le húdaráis ábhartha eile na mBallstát chun rannchuidiú le cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, trí na nithe a leanas:

Leasú 128

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 43 – mír 1 – pointe 6 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) faisnéis a bhailiú, a thairfeadh, a anailisiú agus a sholáthar, anailís a sholáthar bunaithe ar bhailiú sonraí

Leasú

(a) faisnéis **a bhaineann go sonrath le hinscne agus le haois** a bhailiú, a thairfeadh, a anailisiú agus a sholáthar,

anaithnidithe agus neamhphearsanta, agus saineolas a sholáthar ar ábhair a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanáí ar líne a chosc agus a chomhrac, i gcomhréir le hAirteagal 51;

anailís a sholáthar bunaithe ar bhailiú sonraí anaithnidithe agus neamhphearsanta, **lena n-áirítear sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne, gnéas agus aoise de**, agus saineolas a chur ar fáil maidir le hábhair a bhaineann le **tacaóíocht íospartach agus le mí-úsáid ghnéasach leanáí ar líne a chosc** agus a chomhrac, i gcomhréir le hAirteagal 51;

Leasú 129

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 43 – mír 1 – pointe 6 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) tacú le forbairt agus le scaipeadh taighde agus saineolais ar na hábhair sin agus cúnamh a thabhairt d'íospartaigh, lena n-áirítear trí fheidhmiú mar mhol saineolais chun tacú le beartas atá bunaithe ar fhianaise;

Leasú

(b) tacú le forbairt agus scaipeadh taighde agus saineolais maidir leis na hábhair sin agus maidir le cúnamh d'íospartaigh, **ar bhealach atá inscne-íogair agus aois-sonrach**, lena n-áirítear trí fheidhmiú mar mhol saineolais chun tacú le beartas atá bunaithe ar fhianaise **agus trí taighdeoirí a nascadh le cleachtóirí**;

Leasú 130

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 43 – mír 1 – pointe 6 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ba) saineolas teicniúil a sholáthar agus malartú dea-chleachtas a chur chun cinn i measc na mBallstát maidir le feasacht a mhúscailt maidir le mí-úsáid ghnéasach leanáí ar líne a chosc san oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, lena n-áirítear i gcláir oideachais chuimsitheacha gnéasachta agus caidrimh agus i gcláir scileanna digiteacha, litearthachta agus sábháilteachta ar líne a bhfuil cur chuige aois-oiriúnach agus inscne-íogair acu;

Leasú 131

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 43 – mír 1 – pointe 6 – pointe b b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(bb) dea-chleachtais a mhalartú i measc na nÚdarás Comhordúcháin maidir leis na huirlisí atá ar fáil chun an baol go ndéanfaí íospartaigh mí-úsáide gnéasaí de leanaí a laghdú agus chun cúnamh speisialaithe a chur ar fáil d'íospartaigh, ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus íogair ó thaobh inscne de.

Leasú 132

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 43 – mír 1 – pointe 6 – pointe c b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(cb) sásraí a bhunú chun éisteacht le tuairimí leanaí agus iad a ionchorprú ina chuid oibre, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC), le Treoir 2012/29/AE agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

Leasú 133

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 43 – mír 1 – pointe 6 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6b) íospartaigh a tharchur chuig na comhlachtaí agus na seirbhísí iomchuí le haghaidh tacaíochta agus cúnamh ábhartha d'íospartaigh de réir a riachtanas;

Leasú 134

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 43 – mír 1 – pointe 6 c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**(6c) seirbhís tuairiscithe poiblí
anaithinid a bhunú do gach duine san
Aontas le haghaidh tuarascálacha a
bhaineann le hábhar mí-úsáide ghnéasaí
leanaí;**

Leasú 135

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 43 – mír 1 – pointe 6 d (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**(6d) comhar a éascú agus a
chomhordú, lena n-áirítear comhroinnt
faisnéise, le heagraíochtaí idirnáisiúnta
um fhorghníomhú an dlí, agus le
húdaráis forghníomhaithe an dlí i dtríú
tíortha.**

Leasú 136

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 1 – fómhír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Sula gcuirtear teicneolaíochtaí sonracha ar na liostaí sin, iarrfaidh Lárionad an Aontais tuairim a Choiste Teicneolaíochta agus tuairim an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí. Soláthróidh an Coiste Teicneolaíochta agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí a dtuairimí faoi seach laistigh de 8 seachtaine. Féadfar síneadh breise 6 seachtaine a chur leis an tréimhse *sin* i gcás inar gá, agus castacht an ábhair á cur san áireamh. Cuirfidh an Coiste Teicneolaíochta agus an Bord Eorpach um

Sula n-áireofar teicneolaíochtaí sonracha ar na liostaí sin, iarrfaidh Lárionad an Aontais tuairim a Choiste Teicneolaíochta, a Bhord Comhairleach um Chearta Íospartach agus Marthanóirí, agus tuairim an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí, **lena n-áirítear maidir le measúnú tionchair ar chearta bunúsacha a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí sin.** Tabharfaidh an Coiste Teicneolaíochta, an Bord Comhairleach um Chearta Íospartach agus Marthanóirí, agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí a

Chosaint Sonraí Lárionad an Aontais ar an eolas faoi aon síneadh den sórt sin agus faoi na cúiseanna a bhí leis an moill laistigh de 1 mhí amháin ón iarraidh ar chomhairliúchán a fháil.

dtuairimí faoi seach laistigh d’ocht seachtaine *ón iarratas ó Lárionad an Aontais. Áiritheoidh Lárionad an Aontas go gcuirfear an fhaisnéis go léir is gá ar fáil chun tuairim chothrom a fhoirmiú agus chun an measúnú tionchair ar chearta bunúsacha a dhéanamh.* Féadfar síneadh breise 6 seachtaine a chur leis an tréimhse *sin* i gcás inar gá, agus castacht an ábhair á cur san áireamh. Cuirfidh an Coiste Teicneolaíochta, *an Bord Comhairleach um Chearta Íospartach agus Marthanóirí*, agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí Lárionad an Aontais Eorpaigh ar an eolas faoi aon síneadh den sórt sin laistigh de mhí amháin tar éis an iarraidh ar chomhairliúchán a fháil, mar aon leis na cúiseanna leis an moill. *Ní mór an próiseas seo a athdhéanamh ar bhonn bliantúil.*

Leasú 137

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 50 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Déanfaidh Lárionad an Aontais faisnéis ábhartha, oibiachtúil, iontaofa agus inchomparáide maidir le hábhair a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, déanfaidh sé í a bhailiú, a thairfeadh, a anailísiú agus a chur ar fáil, go háirithe:

Leasú

2. Déanfaidh Lárionad an Aontais sonraí anaithnid atá imdhealaithe ó thaobh inscne, *gnéis* agus aoise de a bhailiú, a thairfeadh, *a chomhiomlánú*, a anailísiú agus a chur ar fáil *don Choimisiún, do na Ballstáit, don Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus don phobal*, faisnéis ábhartha, *anaithnid, imdhealaithe ó thaobh inscne, gnéis agus aoise de*, oibiachtúil, iontaofa agus inchomparáide maidir le hábhair a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, *ar nós oideachas nó feachtais mhúscailte feasachta*, go háirithe:

Leasú 138

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) faisnéis a thagann as taighde nó gníomhaíochtaí eile arna ndéanamh ag údaráis na mBallstát, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile den Aontas, údaráis inniúla tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, ionaid taighde agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Leasú 139

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. I gcás inar gá chun a chúraimí a fheidhmiú faoin Rialachán seo, déanfaidh Lárionad an Aontais, glacfaidh sé páirt nó spreagfaidh sé taighde, suirbhéanna agus staidéir, ar a thionscnamh féin nó, i gcás inarb iomchuí agus comhoiriúnach lena thosaíochtaí agus lena chlár oibre bliantúil, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle nó don Choimisiún.

Leasú 140

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 4

Leasú

(c) faisnéis a thagann as taighde nó gníomhaíochtaí eile arna ndéanamh ag údaráis na mBallstát, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile den Aontas, údaráis inniúla tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, ionaid taighde agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ***lena n-áirítear beolínte.***

Leasú

3. I gcás inar gá chun a chúraimí a fheidhmiú faoin Rialachán seo, déanfaidh Lárionad an Aontais, glacfaidh sé páirt nó spreagfaidh ***agus tacóidh*** sé taighde, suirbhéanna agus staidéir, ***ar bhealach atá íogair ó thaobh inscne agus aoise de,*** ar a thionscnamh féin nó, i gcás inarb iomchuí agus comhoiriúnach lena thosaíochtaí agus lena chlár oibre bliantúil, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle nó don Choimisiún. ***Tacóidh Lárionad an Aontais leis na Ballstáit, leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus le gníomhaithe ábhartha eile lena n-áirítear an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus taighde á dhéanamh acu, agus sainiúlachtaí maidir le haois agus inscne á gcur san áireamh.***

4. I ndáil leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2 agus an fhaisnéis a thagann as an taighde, na suirbhéanna agus na staidéir dá dtagraítear i mír 3, soláthróidh Lárionad an Aontais an fhaisnéis sin lena n-áirítear a anailís orthu sin, agus a thuairimí maidir le saincheisteanna a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, Údaráis Chomhordúcháin, údaráis inniúla eile agus údaráis phoiblí eile na mBallstát, fiú ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin don údarás ábhartha. I gcás inarb iomchuí, cuirfidh Lárionad an Aontais an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.

Leasú 141

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 50 – mír 5

5. Forbróidh Lárionad an Aontais straitéis chumarsáide agus **cuirfidh sé chun cinn** idirphlé le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus soláthraithe seirbhísí óstála nó cumarsáide idirphearsanta chun feasacht phoiblí a ardú maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus bearta chun mí-úsáid den sórt sin a chosc agus a chomhrac.

4. I ndáil leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2 agus an fhaisnéis a thagann as an taighde, na suirbhéanna agus na staidéir dá dtagraítear i mír 3, soláthróidh Lárionad an Aontais an fhaisnéis sin lena n-áirítear a anailís orthu sin, agus a thuairimí maidir le saincheisteanna a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, Údaráis Chomhordúcháin, údaráis inniúla eile, **lena n-áirítear beolinte** agus údaráis phoiblí eile na mBallstát, fiú ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin don údarás ábhartha. I gcás inarb iomchuí, cuirfidh Lárionad an Aontais an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.

5. Forbróidh Lárionad an Aontais straitéis chumarsáide **atá íogair ó thaobh inscne agus aoise de** agus **rachaidh sé i mbun** idirphlé le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, **údaráis phoiblí, beolinte** agus soláthraithe seirbhísí óstála nó cumarsáide idirphearsanta **agus geallsealbhóirí ábhartha** eile chun feasacht phoiblí a ardú maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus bearta chun mí-úsáid den sórt sin a chosc agus a chomhrac **agus tacaíocht d'íospartaigh. Beidh feachtais chumarsáide sothuigte agus inrochtana ag gach leanbh, a dteaghlach agus a oideoirí, arna gceapadh in éineacht le saineolaithe nó síceolaithe, arna gcur in oiriúint do na leanaí agus ar bhealach atá sothuigte. Ba cheart na feachtais a rolladh amach in oideachas foirmiúil**

agus neamhfhoirmiúil san Aontas, arb é is aidhm dóibh an litearthacht dhigiteach a fheabhsú agus timpeallacht dhigiteach shábháilte a áirithiú do leanaí. Cuirfear gné inscne na coire san áireamh i bhfeachtais chumarsáide. Cuirfear san áireamh comhairle an Bhoird Chomhairligh um Chearta Íospartach agus Marthanóirí.

Leasú 142

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – teideal (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 50a

***An Bord Comhairleach um Chearta
Íospartach agus Marthanóirí***

Leasú 143

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 1 (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. Bunófar Bord Comhairleach a dhéanfaidh ionadaíocht ar shaineolaithe agus ionadaithe ar chearta leanaí, ar íospartaigh agus ar mharthanóirí ag Lárionad an Aontais Eorpaigh. Is éard a bheidh sa Bhord Comhairleach marthanóirí agus ionadaithe eagraíochtaí agus saineolaithe ábhartha maidir le riachtanais marthanóirí agus íospartaigh mí-úsáide agus dúshaothraithe gnéasaí leanaí ar líne agus as líne, amhail eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cearta leanaí a oibríonn sa réimse sin. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta comhaltaí an Bhoird Chomhairligh i bhfianaise a dtaithe, a saineolais agus a raon feidhme oibre, tar éis glao ar léiriú spéise a fhoilsíú in Iris Oifigiúil an

Leasú 144

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 2 (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. Maidir le nósanna imeachta i ndáil le ceapachán chomhaltaí an Bhoird Chomhairligh Marthanóirí agus a oibriú, chomh maith le bunaíocht neamhspleáchais agus cúlghairm sheasamh chomhalta an bhoird chomhairligh, sonrúfar tuilleadh iad i rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta agus cuirfear ar fáil go poiblí iad.

Leasú 145

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 3 (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3. Gníomhóidh comhaltaí an Bhoird Chomhairligh ar mhaithe le leas na marthanóirí mí-úsáide gnéasaí leanaí agus an phobail. Poibleofar liosta comhaltaí an Bhoird Chomhairligh agus déanfaidh Lárionad an Aontais é a thabhairt cothrom le dáta ar a shuíomh gréasáin.

Leasú 146

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 4 (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4. Ceapfar na comhaltaí ó na Ballstáit agus dáileadh geografach agus

*chur san áireamh agus cothromaíocht
inscne a áirithiú.*

Leasú 147

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 5 (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**5. Mairfidh téarma oifige chomhaltaí
an Bhoird Chomhairligh Marthanóirí 4
bliana. Féadfar é a athnuachan uair
amháin.**

Leasú 148

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 6 (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**6. Déanfaidh na comhaltaí
idirchaidreamh le hoifigigh theagmhála
an Údaráis Comhordaithe, de réir a
mBallstáit. Má tá dénáisiúntacht acu, ní
mór dóibh an tÚdarás Comhordaithe
ábhartha a roghnú.**

Leasú 149

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 7 (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**7. Rachaidh an Stiúrthóir
Feidhmiúcháin agus an Bord
Bainistíochta i gcomhairle leis an mBord
Comhairleach Marthanóirí maidir le
haon ábhar a bhaineann le cearta
íospartach agus le mí-úsáid ghnéasach
leanaí a chosc agus a chomhrac. Iarrfar
ar na comhaltaí comhairle struchtúrtha a
chur ar fáil dhá uair sa bhliain ar a**

laghad.

Leasú 150

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 8 – an chuid réamhráiteach (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**8. Déanfaidh an Bord Comhairleach
an méid seo a leanas:**

Leasú 151

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 8 – pointe a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**(a) rannchuidiú le cúnamh Lárionad
an Aontais don Bhord Bainistíochta, don
Bhord Feidhmiúcháin agus don
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus don
Choiste Teicneolaíochta i ndáil le hábhair
a bhaineann le cearta leanaí, íospartaigh
agus marthanóirí, agus laistigh de na
cúraimí a leagtar amach in Airteagal 50
mír 5;**

Leasú 152

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 8 – pointe b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**(b) infheictheacht leasanna agus
riachtanais marthanóirí agus íospartaigh
mí-úsáide ghnéasaí leanaí a áirithiú;**

Leasú 153

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 8 – pointe c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(c) comhairle a chur ar an mBord Bainistíochta maidir le hábhair a leagtar amach in Airteagal 57 pointe (h a)

Leasú 154

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 8 – pointe d (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(d) comhairle a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus don Bhord Bainistíochta mar a leagtar amach i mír 6 den Airteagal seo;

Leasú 155

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 8 – pointe e (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(e) tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a sholáthar don Stiúrthóir Feidhmiúcháin mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí;

Leasú 156

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 8 – pointe e (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(f) tabharfar na cearta dó chun barúil a thabhairt, mar aon ní amháin, ar aon doiciméadacht nó ábhair phoiblí a roinneann Lárionad an Aontais Eorpaigh, amhail liosta teicneolaíochta na dteicnící braite.

Leasú 157

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 8 – pointe g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(g) saineolas neamhspleách a sholáthar go himmheánach, arna iarraidh sin, chun críocha mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac agus cúnamh d'íospartaigh ar líne, lena n-áirítear ar na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath maidir lena n-ábharthacht do na himthosca ina ndéantar mí-úsáid ghnéasach leanaí;

Leasú 158

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 a – mír 8 – pointe h (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(h) rannchuidiú le feachtais mhúscailte feasachta ar fud an Aontais trí ábhar gaolmhar agus faisnéis ghaolmhar a sholáthar.

Leasú 159

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 54 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. I gcás inar gá chun a chúraimí a fheidhmiú faoin Rialachán seo, **féadfaidh** Lárionad an Aontais comhoibriú le heagraíochtaí agus líonraí chun faisnéis agus saineolas maidir le hábhair a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta

1. I gcás inar gá chun a chúraimí a fheidhmiú faoin Rialachán seo, **déanfaidh** Lárionad an Aontais comhoibriú le heagraíochtaí agus líonraí chun faisnéis agus saineolas maidir le hábhair a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac, **agus maidir le tacaíocht d'íospartaigh** lena n-áirítear

agus eagraíochtaí leathphoiblí.

beolinte de chuid eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí leathphoiblí.

Leasú 160

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 54 – mír 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. Maidir le gné inscne na mí-úsáide gnéasaí leanaí, díreofar go háirithe ar chomhar leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne. Ina theannta sin, baileoidh Lárionad an Aontais staidreamh anaithnidithe maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí atá imdhealaithe ó thaobh inscne, gnéise agus aoise de agus rátaí leitheadúlachta, deachleachtais maidir le cosc agus cúnamh d'íospartaigh, agus roinnfidh sé a gcuid saineolais agus éascóidh sé comhar leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne.

Leasú 161

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Is éard a bheidh i struchtúr riaracháin agus bainistíochta Lárionad an Aontais:

Beidh struchtúr riaracháin agus bainistíochta Lárionad an Aontais ***cothrom ó thaobh inscne de agus is éard a bheidh ann:***

Leasú 162

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 1 – pointe d a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(da) Bord Comhairleach um Chearta

Íospartach agus marthanóirí, a fheidhmeoidh na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 50a.

Leasú 163

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 56 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Ar an mBord Bainistíochta beidh ionadaí amháin ó gach Ballstát agus dhá ionadaí ón gCoimisiún, agus is i gcáil comhaltaí ag a bhfuil cearta vótála a bheidh siad sin ar fad ann.

Leasú

1. Beidh an Bord Bainistíochta ***cothrom ó thaobh inscne de agus beidh sé*** comhdhéanta d'ionadaí amháin ó gach Ballstát agus de bheirt ionadaithe ón gCoimisiún, iad ar fad mar chomhaltaí a bhfuil cearta vótála acu.

Leasú 164

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 56 – mír 2 – fomhír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Féadfaidh lionadaí a ainmniú chun freastal ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta mar bhreathnóir ar ábhair a bhaineann le Europol, arna iarraidh sin do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.

Leasú

Déanfaidh Europol ionadaí a ainmniú chun freastal ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta mar bhreathnóir ar ábhair a bhaineann le Europol, arna iarraidh sin do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.

Leasú 165

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 56 – mír 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Bhord Bainistíochta. Déanfaidh an comhalta malartach ionadaíocht ***air/uirthi*** nuair a bheidh sé as láthair.

Leasú

3. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Bhord Bainistíochta. Déanfaidh an comhalta malartach ionadaíocht thar ceann an chomhalta nuair a bheidh ***siad*** as láthair.

Leasú 166

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 56 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Ceapfar comhaltaí an Bhoird agus a gcomhaltaí malartacha i bhfianaise a gcuid ***eolais*** ar réimse na mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac, agus a gcuid scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha á gcur san áireamh. Ní cheapfaidh na Ballstáit ionadaí óna nÚdarás Comhordúcháin, laistigh de 4 mhí ó [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh na páirtithe uile a mbeidh ionadaíocht acu ar an mBord Bainistíochta iarracht ráta athrúcháin a n-ionadaithe a theorannú, chun leanúnachas obair an bhoird a áirithiú. ***Díreoidh*** gach páirtí ***ar ionadaíocht chothrom*** idir fir agus mná a bhaint amach ar an mBord Bainistíochta.

Leasú 167

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 57 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) rialacha a ghlacadh maidir le cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa i ndáil lena chomhaltaí, agus comhaltaí an Choiste Teicneolaíochta agus ***aon ghrúpa comhairleach eile a d’fheadfadh*** sé a bhunú agus foilseoidh sé go bliantúil ar a shuíomh gréasáin dearbhú leasanna chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta;

Leasú

4. Ceapfar comhaltaí an Bhoird agus a gcomhaltaí malartacha i bhfianaise a gcuid ***saineolais cruthaithe*** ar réimse na mí-úsáide gnéasaí leanaí ***agus tacaíochta íospartach a chosc agus*** a chomhrac, agus a gcuid scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha á gcur san áireamh. Ní cheapfaidh na Ballstáit ionadaí óna nÚdarás Comhordúcháin, laistigh de 4 mhí ó [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh na páirtithe uile a mbeidh ionadaíocht acu ar an mBord Bainistíochta iarracht ráta athrúcháin a n-ionadaithe a theorannú, chun leanúnachas obair an bhoird a áirithiú. ***Áiritheoidh*** gach páirtí ***go mbainfear amach cothromaíocht inscne*** idir fir agus mná ar an mBord Bainistíochta.

Leasú

(c) rialacha ***trédhearcachta*** a ghlacadh maidir le cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa i ndáil lena chomhaltaí, agus comhaltaí an Choiste Teicneolaíochta agus ***an Bhoird Chomhairligh um Chearta Íospartach agus Marthanóirí*** eile a d’fheadfadh sé a bhunú agus foilseoidh sé go bliantúil ar a shuíomh gréasáin dearbhú leasanna chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta, ***an Choiste Teicneolaíochta agus an Bhoird Chomhairligh um Chearta Íospartach agus Marthanóirí***;

Leasú 168

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 57 – mír 1 – pointe f**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(f) ceapfaidh sé comhaltaí an Choiste Teicneolaíochta, agus aon ghrúpa comhairleach eile a bhunóidh sé;

Leasú

(f) ceapfaidh sé comhaltaí an Choiste Teicneolaíochta, ***an Bhoird Chomhairligh um Chearta Íospartach agus Marthanóirí*** agus aon ghrúpa comhairleach eile a bhunóidh sé ***chun freastal ar a chuspóirí a cheapadh***;

Leasú 169

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 57 – mír 1 – pointe h a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ha) dul i gcomhairle leis an mBord Comhairleach um Chearta Íospartach agus Marthanóirí maidir leis na hoibleagáidí dá dtagraítear i bpointe (a), agus i bpointe (h).

Leasú 170

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 59 – mír 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Tionólfar ar a laghad dhá ghnáthchruinniú den Bhoird Bainistíochta gach bliain. Ina theannta sin, tionólfar cruinniú den Bhord Bainistíochta ar thionscnamh a Chathaoirligh, arna iarraidh sin don Choimisiún, nó arna iarraidh sin do thrían dá chomhaltaí ar a laghad.

Leasú

3. Tionólfar ar a laghad dhá ghnáthchruinniú den Bhoird Bainistíochta gach bliain. Ina theannta sin, tionólfar cruinniú den Bhord Bainistíochta ar thionscnamh a Chathaoirligh, arna iarraidh sin don Choimisiún, nó arna iarraidh sin do thrían dá chomhaltaí ar a laghad.

Féadfaidh an Bord Bainistíochta cuireadh a thabhairt do chomhaltaí an Bhoird Chomhairligh um Chearta Íospartach agus Marthanóirí dhá uair sa bhliain ar a laghad.

Leasú 171

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 61 – mír 1 – fomhír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Beidh an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta de Chathaoirleach agus Leaschathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, dhá chomhalta eile arna gceapadh ag an mBord Bainistíochta as measc a chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu agus dhá ionadaí ón gCoimisiún ar an mBord Bainistíochta. Beidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ina Chathaoirleach ar an mBord Feidhmiúcháin freisin.

Leasú

Beidh ***cothromaíocht inscne sa*** Bhord Feidhmiúcháin ***agus*** beidh sé comhdhéanta de Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, beirt chomhaltaí eile arna gceapadh ag an mBord Bainistíochta i measc a chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu agus beirt ionadaithe ón gCoimisiún chuig an mBord Bainistíochta. Beidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ina Chathaoirleach ar an mBord Feidhmiúcháin freisin. ***Déanfar cothromaíocht inscne a áirithiú le comhdhéanamh an choiste meastóireachta.***

Leasú 172

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 64 – mír 4 – pointe e a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 173

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 64 – mír 4 – pointe f**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(f) an Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite maidir le Gníomhaíochtaí (CAAR) a ullmhú maidir le gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais agus í a chur faoi bhráid an Bhoird

Leasú

(ea) príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne a chur chun feidhme i ngach réimse.

Leasú

(f) an Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite maidir le Gníomhaíochtaí (CAAR) a ullmhú maidir le gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais ***lena n-áirítear gníomhaíochtaí an Choiste***

Feidhmiúcháin lena meas agus lena glacadh;

***Teicneolaíochta agus an Bhoird
Chomhairligh um Chearta Íospartach
agus Marthanóirí*** agus í a chur faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin lena meas agus lena glacadh;

Leasú 174

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 66 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Beidh an Coiste Teicneolaíochta comhdhéanta de shaineolaithe teicniúla arna gceapadh ag an mBord Bainistíochta i bhfianaise a sármhaitheasa agus a neamhspleáchais, tar éis gairm ar léirithe spéise a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Leasú

1. Beidh an Coiste Teicneolaíochta comhdhéanta de shaineolaithe teicniúla arna gceapadh ag an mBord Bainistíochta i bhfianaise a sármhaitheasa agus a neamhspleáchais, tar éis gairm ar léirithe spéise a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, ***ag cinntiú go bhfuil meas ar chothromaíocht inscne.***

Leasú 175

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 66 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. I gcás nach gcomhlíonfaidh comhalta na critéir neamhspleáchais a thuilleadh, cuirfidh sé nó sí an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi sin. De rogha air sin, féadfaidh an Bord Bainistíochta, de bharr moladh ó thrian dá chomhaltaí ar a laghad nó ón gCoimisiún, easpa neamhspleáchais a dhearbhu agus an duine lena mbaineann a chúlghairm. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta comhalta nua ar feadh na coda den téarma oifige atá fágtha i gcomhréir leis an nós imeachta le haghaidh gnáthchomhaltaí.

Leasú

4. I gcás nach gcomhlíonfaidh comhalta na critéir neamhspleáchais a thuilleadh, cuirfidh sé nó sí an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi sin. De rogha air sin, féadfaidh an Bord Bainistíochta, de bharr moladh ó thrian ar a laghad de na comhaltaí nó ón gCoimisiún, easpa neamhspleáchais a dhearbhu agus ***ceapadh*** an duine lena mbaineann a chúlghairm. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta comhalta nua ar feadh na coda den téarma oifige atá fágtha i gcomhréir leis an nós imeachta le haghaidh gnáthchomhaltaí.

Leasú 176

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 67 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dréachtráiteas a tharraingt suas uair sa bhliain ar mheastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas Lárionad an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais ina dhiaidh sin, lena n-áirítear plean bunaíochta, agus seolfaidh sé chuig an mBord Feidhmiúcháin é.

Leasú 177

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 69 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Cuirfear luach saothair foirne, speansais riaracháin agus bonneagair, agus costais oibriúcháin san áireamh i gcaiteachas Lárionad an Aontais.

Leasú 178

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 69 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. Gach bliain tarraingeoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin suas dréachtráiteas meastachán ar ioncam agus caiteachas Lárionad an Aontais don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, lena n-áirítear plean bunaíochta, ***anailís tionchar inscne agus úsáidfidh sé príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne*** agus cuirfidh sé chuig an mBord Feidhmiúcháin é.

Leasú

4. Cuirfear luach saothair foirne, speansais riaracháin agus bonneagair, agus costais oibriúcháin san áireamh i gcaiteachas Lárionad an Aontais, ***lena n-áirítear costais oibriúcháin an Choiste Teicneolaíochta, an Bhoird Chomhairligh um Chearta Íospartach agus Marthanóirí agus aon ghrúpa comhairleach eile a fhéadfaidh sé a bhunú chun freastal ar a chríocha.***

Leasú

5a. Comhlíonfaidh an buiséad prionsabal an phríomhshruthaithe inscne agus cuirfear cleachtas an buiséadú inscne chun feidhme

Leasú 179

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 71 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, na bearta cur chun feidhme is gá, i gcomhréir leis na socruithe dá bhforáiltear in Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne.

Leasú

2. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, na bearta cur chun feidhme is gá, i gcomhréir leis na socruithe dá bhforáiltear in Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne, **agus áiritheoidh sé go mbeidh na scileanna agus an taití iomchuí ag an bhfoireann, agus go mbeidh cothromaíocht inscne á cothú.**

Leasú 180

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 71 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Beidh rochtain ag baill foirne Lárionad an Aontais, go háirithe na baill foirne sin a oibríonn i réimsí a bhaineann go díreach le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint, ar sheirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochta iomchuí.

Leasú

3. Beidh rochtain ag baill foirne Lárionad an Aontais, go háirithe na baill foirne sin a oibríonn i réimsí a bhaineann go díreach le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint, ar sheirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochta iomchuí, **chun freastal ar aon riachtanas fisiceach nó soch-shíceolaíoch eile a d'fhéadfadh a bheith ann.**

Leasú 181

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 72 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Féadfaidh Lárionad an Aontais úsáid a bhaint as saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó as foireann eile nach bhfuil fostaithe aige.

Leasú

1. Féadfaidh Lárionad an Aontais úsáid a bhaint as saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó as baill foirne eile nach bhfuil fostaithe aige, agus a dtaití agus a scileanna á gcur san áireamh, agus á áirithiú ag an am céanna go n-urramaítear

cothromaíocht inscne.

Leasú 182

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 83 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) an líon foriomlán ítimí d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhain an soláthraí nó ar ar dhíchumasaigh an soláthraí rochtain eile, arna miondealú de réir cé acu a baineadh nó a díchumasaíodh rochtain ar na hítimí de bhun ordaithe baint anuas nó fógra arna chur isteach ag Údarás Inniúil, Lárionad an Aontais nó tríú páirtí nó ar thionscnamh féin an tsoláthraí;

Leasú

(c) an líon foriomlán ítimí d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, ***agus é imdhealaithe ó thaobh inscne, gnéis agus aoise de, nuair is féidir***, a bhain an soláthraí nó ar ar dhíchumasaigh an soláthraí rochtain eile, arna miondealú de réir cé acu a baineadh nó a díchumasaíodh rochtain ar na hítimí de bhun ordaithe baint anuas nó fógra arna chur isteach ag Údarás Inniúil, Lárionad an Aontais nó tríú páirtí nó ar thionscnamh féin an tsoláthraí;

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac		
Tagairtí	(COM(2022)0209 – C9-0174/2022 – 2022/0155(COD))		
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	LIBE 12.9.2022		
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	FEMM 12.9.2022		
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Heléne Fritzon 13.12.2022		
Pléite sa choiste	21.3.2023	25.4.2023	24.5.2023
Dáta an ghlactha	27.6.2023		
Toradh na vótála críochnaithí	+: –: 0:	25 0 4	
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Isabella Adinolfi, Christine Anderson, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Annika Bruna, Margarita de la Pisa Carrión, Rosa Estaràs Ferragut, Frances Fitzgerald, Lina Gálvez Muñoz, Alice Kuhnke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Radka Maxová, Karen Melchior, Johan Nissinen, Maria Noichl, Sandra Pereira, Pina Picierno, Samira Rafaela, Evelyn Regner, Diana Riba i Giner, Maria Veronica Rossi, Sylwia Spurek, Marco Zullo		
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Heléne Fritzon, Ewa Kopacz, Eleni Stavrou, Monika Vana		
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Colm Markey, Sira Rego		

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

25	+
CLE	Johan Nissinen, Margarita de la Pisa Carrión
ID	Annika Bruna, Maria Veronica Rossi
EPP	Isabella Adinolfi, Rosa Estaràs Ferragut, Frances Fitzgerald, Ewa Kopacz, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Colm Markey, Eleni Stavrou
S&D	Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Heléne Fritzon, Lina Gálvez Muñoz, Radka Maxová, Maria Noichl, Pina Picierno, Evelyn Regner
The Left	Sandra Pereira, Sira Rego
Na Glasaigh/SCE	Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek, Monika Vana

0	-

4	0
ID	Christine Anderson
Renew	Karen Melchior, Samira Rafaela, Marco Zullo

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh